Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# Tuarascáil Bhliantúil
# 2020



ÁR BHFÍS

## Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a dhéanann cistí do chúiseanna maithe a uasmhéadú.

# Clár Ábhar


**1. Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun Alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013** 2

- 1.1 Ráiteas an Rialálaí 3
- 1.2 Fís, Misean agus Luachanna an Rialálaí 6
- 1.3 Foireann Bainistíochta 8
- 1.4 Feidhmeanna an Rialálaí 10
- 1.5 Maoirseacht ar an Oibreoir 11
  - 1.5.1 Oibríochtaí agus Cistí an Chrannchuir Náisiúnta ar Chúiseanna Maithe 13
  - 1.5.2 Cosaint Imreoirí 14
  - 1.5.3 Cumarsáid Mhargaíochta agus Fógraíocht Fhreagrach 15
  - 1.5.4 Gearáin a Fuarthas 15
  - 1.5.5 Athbhreithnithe Téamúla Comhlíonta 17
  - 1.5.6 Forfheidhmiú 17
- 1.6 Iarrataí Rialála faoin Acht agus an Ceadúnas 19
- 1.7 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta 22
- 1.8 Forfheidhmiú Trádmharcanna 25
- 1.9 Leasuithe ar Cheadúnais 26
- 1.10 Gnóthaí Corparáideacha 29
  - 1.10.1 Freagairt do COVID-19 29
  - 1.10.2 Straitéis 30
  - 1.10.3 Rialachas Corparáideach 30
  - 1.10.4 Acmhainní agus Soláthar Foirne 31
  - 1.10.5 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 31
  - 1.10.6 Iniúchóireacht Inmheánach 32
  - 1.10.7 Bainistíocht Riosca 32
  - 1.10.8 Ceanglais Reachtaíochta 33

**Aguisín A:** Caighdeáin Feidhmíochta Premier Lotteries Ireland (PLI) 34

**Aguisín B:** Tuarascálacha Rialta a fuarthas ó PLI 35

**Aguisín C:** Iarrataí ar Fhaomhadh nó Toiliú faoin gCeadúnas 36

**2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 **38**

**3. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 **65**

# 1

# Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun Alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

# 1.1 Ráiteas an Rialálaí



**Carol Boate**
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

## I gcomhréir le hAilt 22 agus 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, is deas liom Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

In 2020, aistríodh €270.3 milliún ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chun tacú le Cúiseanna Maithe. Áiríodh leis seo suim ar leith €16.1 milliún maidir le duaiseanna éagtha nár éilíodh faoi cheadúnais roimhe seo, a bhí i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta go fóill ag dáta thosach feidhme an cheadúnais reatha. B'ionann an €254.2 milliún eile a aistríodh i rith na bliana agus méadú 1.4% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (€250.7 milliún).

D'imir teacht i láthair phaindéim COVID-19 in Éirinn in 2020 tionchar ar an gCrannchur Náisiúnta ar roinnt bealaí ar leith:

- Mar gheall ar an ngá atá le scaradh sóisialta, ní fhéadfaí cluiche teilifíse Winning Streak a chur ar siúl a thuilleadh. Cheadaigh mé deireadh luath a chur leis an gcluiche tar éis athbhreithniú lena chinntiú nach raibh na himreoirí faoi mhíbhuntáiste.
- Nuair a iarradh ar an tír fanacht sa bhaile, mhéadaigh an tOibreoir an mhonatóireacht a rinne sé ar imreoirí a bhí i mbaol imirt iomarcach nó faidhbe ar líne, agus an chumarsáid a rinneadh leis na himreoirí siúd.
- Beartaíodh an líon laethanta a tugadh do na himreoirí go léir chun duais a éileamh a shíneadh go sealadach ó 90 lá go 180 lá. Chuir an moladh seo cosc ar dhuaiseanna ó dhul in éag i rith thréimhse na srianta taistil agus ceadaíodh é.
- Iarradh ar bhuaiteoirí duaiseanna ar ardleibhéal a raibh cosc orthu óna nduais a bhailiú i bpearsan ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta i lár Chathair Bhaile Átha Cliath, coinní a dhéanamh, faoi mar a cheanglaítear sa cheadúnas, chun a nduais a bhailiú i ndiaidh na dianghlasála. De réir mar a lean fad na srianta ar thaisteal agus ar ghluaiseacht de bheith i bhfeidhm, b'fhaide an mhoill a bhí ar bhuaiteoirí duaiseanna ardleibhéil agus tháinig borradh faoin líon buaiteoirí siúd, agus leasaigh an tOibreoir agus mé féin an Ceadúnas, dá bharr, lena cheadú próiseas daingean cianda éilimh duaiseanna a chur ar fáil ar bhonn sealadach. Rinneadh leasú breise ar an gceadúnas leis an tréimhse a shíneadh ina raibh an próiseas cianda éilimh ar fáil.

- Níorbh fhéidir líne ghutháin seirbhíse do chustaiméirí an Oibreora a fheidhmiú i rith thréimhse thosaigh na srianta i suíomh ina raibh daoine ag oibriú ón mbaile, agus níor bhain sé na caighdeáin bhliantúla ghaolmhara feidhmíochta amach dá bharr. Cuireadh córas nua éifeachtach agus marthanach i bhfeidhm sách tapa, i ndeireadh na dála, agus leanfaidh m'Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar an méadracht seo.
- Ar deireadh, tháinig luathú ar an mborradh a tháinig faoin gcainéal ar líne de bharr na paindéime agus bhain sé 14.8% de na díolacháin iomlána amach in 2020, ar méadú é seo aníos ó 9.1% in 2019.

Ar nós fhormhór na n-ionad oibre ar fud na hÉireann, bhí ar Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (ORCN) aistriú go mear i dtreo samhail chianoibrithe, mar gheall gur ghá oibriú as baile, sa chás gurbh fhéidir. Bhí cumas an-teoranta cianoibrithe ag ORCN i bhFeabhra 2020 ach faon 12 Márta (nuair a d'fhógair an Taoiseach na srianta ar obair neamh-bhunriachtanach agus an treoir chun oibriú as baile, sa chás gurbh fhéidir) bhí foireann uile ORCN ag oibriú as baile ar chóras slán TF agus faoi bheartais agus nósanna imeachta nua rialachais do thimpeallacht chianoibre. Mar thoradh air sin, bhí ORCN in ann déileáil gan stró leis na saincheisteanna práinneacha, úrnua, agus casta a chruthaigh an phaindéim don Chrannchur Náisiúnta ó Mhárta 2020 ar aghaidh, grinnscrúdú méadaithe mhonatóireacht agus idirghabháil an Oibreora san áireamh maidir le gníomhaíocht imreoirí sa chainéal ar líne.

Lean an obair 'gnó mar is gnách' go léir ar aghaidh, ag an am céanna, agus críochnaíodh roinnt príomhthionscadal in 2020, faoi mar a leagtar amach thíos.

- I ndiaidh go ndearna imreoirí roinnt gearán ar dheacair dóibh dáta éagtha duaiseanna scríobchárta a dhéanamh amach, rinne m'Oifig teagmháil leis an Oibreoir ag féachaint leis an gcás i measc imreoirí a fheabhsú. Mar thoradh air sin, taispeántar anois ar gach ticéad scríobchárta a ndáta éagtha beacht ar chúl an chárta i scríbhneoireacht faoi chló trom.
- Faoi mar a tugadh le fios i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2019, tosaíodh scrúdú ónar eascair aimhrialtachtaí i dtrí chluiche scríobchárta, a bhain le ceithre chéad duais a fhágáil as an áireamh, i mí na Nollag 2019. I nDeireadh Fómhair 2020, ar chríochnú an scrúdaithe, d'fhoilsigh mé torthaí m'fhiosrúcháin neamhspleách - sáruithe ar an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus ar an gCeadúnas san áireamh. Rinneadh breithniú mionsonraithe san fhiosrúchán ar chúis agus tionchar na saincheiste, na gníomhartha a rinneadh, agus na bearta atá i bhfeidhm chun cosc a chur ar atarlú. Níor tugadh le fios in aon chor gur baineadh go hábhartha d'iomláine an Chrannchuir Náisiúnta nó an Chiste do Chúiseanna Maithe agus sheiceáil m'Oifig nach ndearna an tsaincheist seo difear d'aon chluichí an Chrannchuir Náisiúnta, seachas iad siúd a ainmníodh san fhiosrúchán. Táim sásta nár siarchoinníodh eolas, agus gur chreid foireann an Oibreora (ach bhí dul amú orthu) go raibh na cluichí á reáchtáil i gceart. Tá roinnt rialuithe nua curtha i bhfeidhm chun cosc a chur ar na hearráidí sin ag an Oibreoir tarlú arís agus lena cheadú aon saincheist atá cosúil leis seo a bhrath níos luaithe. Níor braitheadh aon earráidí breise den sórt sin go dtí seo.
- Rinneadh an chéad leasú riamh anall ar an gCeadúnas in Aibreán 2020. Cheadaigh sé luach €16.1 milliún de Dhuaiseanna Stairiúla Éagtha nár Éilíodh a aisíoc leis an Státchiste ar mhaithe le Cúiseanna Maithe. Ghabh an t-airgead seo siar go dtí iarcheadúnais agus bhain siad le duaiseanna an Chrannchuir Náisiúnta nár éiligh buaiteoirí faoina ndáta éagtha. Lean trí leasú an leasú seo in 2020, ar bhain dhá cheann díobh leis an bpróiseas cianda éilimh duaiseanna a thabhairt isteach do dhuaiseanna ardleibhéil mar gheall ar shrianta taistil sláinte poiblí, agus le leasú eile a críochnaíodh in 2021.

- Leasaíodh an Ceadúnas i Meán Fómhair 2020 le soláthar a dhéanamh don Rialachán a d'fhoilsigh an tAontas Eorpach le déanaí ina lorgaítear saorghluaiseacht seirbhísí próiseála sonraí neamhphearsanta a éascú laistigh den Aontas Eorpach. Ceanglaítear sa Cheadúnas anois nach mór tabhairt faoin bpróiseáil sin i mBallstát ar leith an Aontais Eorpaigh, ach ní gá go mbíonn Stát na hÉireann i gceist.
- Rinne mé an cinneadh i Samhain 2020 gur cheart comhaontú a dhéanamh ar fhoirm agus ar uainiú réitigh bhliantúil ar Chuntas Chiste na nDuaiseanna a cheanglaítear faoin Acht agus faoin gCeadúnas agus gur cheart é a chur i gcuntas sa Cheadúnas féin. Léirítear é seo i leasú ar an gCeadúnas a comhaontaíodh i mBealtaine 2021 agus sna cuntais do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta. Foilsítear sonraí faoi gach leasú ar láithreán gréasáin ORCN.
- Rinne mé an cinneadh i Meán Fómhair 2020, gur sháraigh an tOibreoir Sceideal 9, Alt 5 den Cheadúnas a fhorálann gurb é an caitheamh uasta seachtainiúil is féidir le himreoir a chaitheamh ar chluichí ar líne €300. Mar gheall ar shaincheist theicniúil nach raibh coinne leis a bhí seo ónar eascair go ndearnadh athrú bogearraí agus rinne sé difear sa tseachtain dheireanach in 2019 agus sa chéad seachtain in 2020. Cuireadh deisiú bogearraí i bhfeidhm, agus rinneadh tástáil leantach air, agus rinne an tOibreoir teagmháil leis na himreoirí a ndearnadh difear dóibh agus eisíodh seiceanna aisíocaíochta dóibh do na suimeanna nár caitheadh os cionn na teorann €300. Dheimhnigh an tOibreoir in Eanáir 2021 gur éirigh leis an deisiúchán, agus bhain mé an tátal as nár theastaigh aon ghníomh breise.

Tugtar faoi obair na hOifige seo trína daoine agus ba mhaith liom an tiomantas comhroinnte a léirigh an bhainistíocht agus an fhoireann i mbliain neamhghnách a aithint. D'aistríomar go réidh ó oibriúchán a bhí go hiomlán bunaithe in oifig go dtí oibriúchán a bhí go hiomlán cianda agus d'fhreagraíomar do dhúshláin uathúla 2020 le lúfaireacht agus le dúthracht chun na luachanna agus na caighdeáin chéanna a bhaint amach. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as an iomaí uair an chloig bhreise a d'oibrigh siad agus an smaoineamh nuálach a rinne siad in 2020 lena chinntiú gur thug an Crannchur Náisiúnta a chosa leis ar bhealach a thug tús áite do leasanna imreoirí agus a rinne an tsócmhainn thábhachtach Stáit seo a chosaint.



**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**
**Meán Fómhair 2021**

# 1.2 Fís, Misean agus Luachanna an Rialálaí

## FÍS
An Rialálaí

**Léirítear i bhfís an Rialálaí na cuspóirí reachtúla ar bhronn an tOireachtas uirthi. Is éard is cuspóir na físe seo:**


> "Crannchur Náisiúnta atá sábháilte agus inbhuanaithe agus a reáchtáiltear i gceart agus a dhéanann cistí do Chúiseanna Maithe a uasmhéadú"

Is é ról an Rialálaí maidir leis an bhfís seo a bhaint amach ná trí thabhairt faoina feidhmeanna ar bhealach atá ar aon dul leis na cuspóirí reachtúla a léirítear san fhís. Tá an fhreagracht ar Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú i gcomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais. Déanann an tsamhail airgeadais sa Cheadúnas an tOibreoir a dhreasú chun cistí do Chúiseanna Maithe a uasmhéadú.

## MISEAN
An Rialálaí

**Is é misean an Rialálaí chun an fhís seo a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus comhlíonadh mar a éilítear a chur i bhfeidhm.
- Moltaí ón Oibreoir a bhreithniú agus iad a fhaomhadh de réir mar is cuí.
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
- Cearta forfheidhmithe trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go nglactar le dea-chleachtas i rialachas i mbainistíocht agus rialachas na hOifige.


Ár luachanna
NEAMHSPLEÁCHAS
Bheith oibiachtúil agus neamhchlaonta
CAOMHNÓIREACHT
Gníomhú ar mhaithe le leas an phobail le hiomláine
DÍRITHE AR AN TODHCHAÍ
Nuálú agus eolas, scileanna agus taithí atá ag teacht chun cinn a chur chun feidhme
CUNTASACHT
Sinn féin agus daoine eile a thabhairt chun cuntais
GAIRMIÚLACHT
Ardchaighdeáin chomhsheasmhacha iompair, inniúlachta, agus chúirtéise
LUACH A LÉIRIÚ AR ÁR NDAOINE
Meas a léiriú ar agus tacú lenár ndaoine
TRÉDHEARCACHT
Inár gcinnteoireacht agus cumarsáid

# 1.3 Foireann Bainistíochta



### An tUasal Carol Boate
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

Abhcóidí agus cleachtóir taithíoch na dea-rialála í an tUasal Boate ar mhaithe le tomhaltóirí agus an geilleagar. Tá B.A. bainte amach aici san Eacnamaíocht agus M.Sc. san Eacnamaíocht chomh maith le dioplómaí iarchéime i nDlí na hIomaíochta agus Rialachas Rialála an Choimisiúin Eorpaigh. Sular ceapadh í mar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Stiúrthóir í an tUasal Boate ar Sheirbhísí Corparáideacha agus, roimhe sin, ba Stiúrthóir Rialála agus Idirchaidrimh Gnó í ag gCoimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Roimhe sin, d'oibrigh sí ag an Údarás Iomaíochta go príomha i dtaobh cumaisc agus éadálacha a rialáil agus ag tacú le hathruithe ar dhlíthe agus rialacháin a chuireann bac le hiomaíocht éifeachtach.



### An tUasal Derek Donohoe
*Leas-Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta / Ceann na hIniúchóireachta agus Airgeadais*

Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann is ea an tUasal Donohoe agus tá Dioplóma bainte amach aige sa Chuntasaíocht Fhóiréinseach. Tá breis agus taithí 35 bliain aige i gcúrsaí cuntasaíochta agus iniúchóireachta. Iarphäirtí é i bpríomhchleachtas cuntasaíochta Éireannach agus tá taithí nach beag aige sna limistéir seo a leanas: iniúchóireacht, tuairisciú airgeadais, cuntasaíocht fhóiréinseach, rialachas corparáideach, athbhreithnithe comhlíonta agus díchill chuí. Chuir sé seirbhísí iniúchóireachta agus comhlíonta ar fáil do phunann aonáin rialáilte san earnáil airgeadais ar feadh go leor blianta.



### An tUasal Mary McNabola
*Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha*

Tá gairm bheatha breis agus 30 bliain caite ag an Uasal McNabola mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí. Gairmí taithíoch san earnáil phoiblí í a bhfuil cáilíocht Dlí Fostaíochta bainte amach aici agus chaith sí 18 mbliana sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha den Údarás Náisiúnta Míchumais sular thosaigh sí ag oibriú in Oifig an Rialálaí. D'oibrigh sí freisin ar feadh 15 bliana in oifig Chathaoirleach agus Phríomhfheidhmeannach Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath agus í ag oibriú ar réimse fairsing tionscadal agus tionscnamh a rinne an eagraíocht iomlán a éascú.



## An tUasal Cian O'Sullivan

*Ceann Dlí agus Comhlíonta*

Is ball an tUasal O'Sullivan de Dhlí-Chumann na hÉireann i ndiaidh dó a cháilíocht a bhaint amach mar aturnae in 2001. Tá Baitsiléir sa Dlí Sibhialta agus céimeanna Máistreachta sa Dlí bainte amach aige, chomh maith le dioplómaí iarchéime a bhronn Dlí-Chumann na hÉireann, an Institiúid Cánachais in Éirinn agus an Cumann Árachais Saoil air. Sular ceapadh é le ORCN, ba chigire é le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Roimhe sin, d'oibrigh sé sna haonaid dlí agus chomhlíonta i gcomhlacht árachais mór agus i bpríomhghnóthas dlí.



## An tUasal Siobhán Phillips

*Ceann um Chosaint agus Taighde ar Imreoirí*

Síceolaí Cairte le Cumann Síceolaithe na hÉireann is ea an tUasal Phillips agus tá M.Sc., H.Dip agus BA bainte amach aici sa tSíceolaíocht. Sular thosaigh sí ag oibriú le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Cheann í ar Infreastruchtúr Taighde agus Meastóireacht ag Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa. Bhí gairm bheatha fhada aici i dtaighde agus meastóireacht beartais phoiblí mar chomhairleoir agus speisialtóir meastóireachta agus tá an-chuid tuarascálacha foilsithe aici in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ceann Aonad Meastóireachta Tionscail Chistí Struchtúrtha an AE ab ea í ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le roinnt blianta agus ba Mheastóir í do Chiste Sóisialta na hEorpa, chomh maith.



## An tUasal David Scott

*Cuntasóir*

Comhalta den Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí is ea an tUasal Scott agus tá céim Bhaitsiléara Eolaíochta (BSc) bainte amach aige sa Mhatamaitic. Tá taithí de bhreis ar 25 bliain aige ar airgeadas, cuntasaíocht agus iniúchóireacht. Sular thosaigh sé ag oibriú le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Bhainisteoir Airgeadais agus Riaracháin é leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus aonáin a dtugtar cistiú deontais dóibh á rialú. Roimhe sin, bhí poist aige sna hearnálacha oideachais tríú leibhéil agus rialtais áitiúil agus in Éirinn agus sa RA.

# 1.4 Feidhmeanna an Rialálaí

## Forordaítear Feidhmeanna an Rialálaí a thacaíonn leis an bhfís thuas san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus áirítear leo an méid seo a leanas:

1. Cur ar bun an Chrannchuir Náisiúnta a sholáthar.
2. Oibriú an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais ag an Oibreoir.
3. Breithniú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a fhaomhadh a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta (scéimeanna san áireamh do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta).
4. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
5. Cearta forfheidhmithe aon trádmhairc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a fhorfheidhmiú.

Ní mór don Rialálaí na feidhmeanna seo a chomhlíonadh ar an modh sin is dóchúla a chinnteoidh an méid seo a leanas –

**a)** tgo reáchtáiltear an Crannchur Náisiúnta de réir an ghnáis chirt,
**b)** go dtugtar cosaint do leasa rannpháirtithe an Chrannchuir Náisiúnta,
**c)** go dtugtar cosaint d'inbhuanaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta go fadtéarmach,

agus, faoi réir na bpointí thuas ó a) go c), a chinntiú go mbíonn ioncaim a leithdháiltear ar an Lár-Chiste le híoc amach ar mhaithe leis na cuspóirí a cheadaítear faoin Acht ("Cúiseanna Maithe") chomh mór agus is féidir, faoi réir théarmaí an cheadúnais

Níl aon ról ag an Rialálaí maidir le hiarratais ar nó leithdháileadh cistí do Chúiseanna Maithe. Ba cheart iarratais ar chistiú a chur faoi bhráid na Roinne Rialtais ábhartha.

# 1.5 Maoirseacht ar an Oibreoir

**Déanann ORCN monatóireacht agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh ag DAC Premier Lotteries Ireland, an tOibreoir, i leith an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus théarmaí agus choinníollacha an Cheadúnais ar deonaíodh dóibh chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.**

Comhlíonann ORCN an fheidhm seo trí mhaoirseacht rialta agus réamhghníomhach a dhéanamh ar an Oibreoir. Áirítear leis an maoirseacht seo:

(a) Monatóireacht ar fheidhmíocht an Oibreora.

(b) Tuarascálacha éagsúla a fuarthas ón Oibreoir.

(c) Rochtain fíor-ama ar shonraí ó chórais an Oibreora.

(d) Cruinnithe rialta leis an Oibreoir.

(e) Maoirseacht ar phróisis agus rialuithe a chuir an tOibreoir i bhfeidhm.

(f) Monatóireacht ar mhargaíocht agus gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí an Oibreora.

(g) Gearáin ón bpobal, athbhreithnithe agus imscrúduithe téamúla.

## Monatóireacht ar fheidhmíocht an Oibreora

Déantar monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht an Oibreora i dtaobh caighdeáin thuartha atá le baint amach gach bliain. Bhain an tOibreoir formhór na gcaighdeán a tuaradh amach i mbliain ar leith neamhghnách, seachas roinnt a bhain leis an ionad teagmhála custaiméirí ar deimhníodh nach féidir a seirbhís gutháin a oibriú ó thithe fhoireann an Chrannchuir Náisiúnta. Lorg an Rialálaí mínithe ar leith maidir leis an bhfáth nár baineadh na spriocanna seo amach.

D'imir srianta na paindéime tionchar ar oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta, agus cosúil le go leor gnólachtaí, bhí ar an Oibreoir a shamhail oibre a athrú go mear agus d'eascair impleachtaí as seo d'ionad teagmhála custaiméirí an Chrannchuir Náisiúnta mar gheall gur iarradh ar an bhfoireann oibriú as baile. Thug an tOibreoir tús áite i dtosach báire do ghnéithe áirithe oibríochtaí, tús áite a thabhairt d'acmhainní TF san áireamh chun (a) an fhoireann a chumasú oibriú as baile a thapúla agus is féidir chun go bhféadfaí leanúint leis an gCrannchur Náisiúnta a chur ar bun agus (b) an tréimhse éagtha do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta a athrú ó 90 lá go 180 lá le duaiseanna a sheachaint chun imreoirí a éascú agus a spreagadh fanacht sa bhaile, seachas dul go dtí siopa nó ionad éilimh chun a nduais a éileamh.

D'imir na heasnaimh phraiticiúla a chruthaigh ionad seirbhíse do chustaiméirí a reáchtáil ó shuíomhanna baile tionchar breise ar a fheidhmíocht. I ndeireadh na dála, bunaíodh seirbhís nua éifeachtach agus mharthanach gutháin teagmhála custaiméirí tapa go leor. Ina dhiaidh sin, nuair a measadh gur shábháilte amhlaidh a dhéanamh agus na bearta cuí sábháilteachta i bhfeidhm, d'fhill foireann ionad teagmhála ar an oifig agus tosaíodh le caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach arís.

Rinne an Rialálaí an cinneadh gan dul i mbun gníomh breise maidir leis an gceist seo mar gheall gur oibrigh PLI leis an gCrannchur Náisiúnta, d'ainneoin an mhéadracht feidhmíochta a cailleadh, ar bhealach ceart ar aon dul le cuspóirí reachtúla an Rialálaí agus rinne seo dea-cháil an Chrannchuir Náisiúnta a chothú i rith an tseala chorraigh seo.

Chuir an Rialálaí an tOibreoir ar an eolas go ndéanfar monatóireacht dhlúth leanúnach ar an méadracht seo.

Féach Aguisín A chun teacht ar shleachta ó thuarascáil chaighdeáin feidhmíochta bhliantúil 2020 ón Oibreoir.

## Tuarascálacha éagsúla a fuarthas ón Oibreoir

Fuarthas tríocha a haon saghas éagsúil de thuarascálacha ar bhonn rialta ón Oibreoir in 2020 (féach Aguisín B). Cuimsíonn iad seo gnéithe éagsúla den ghnó, airgeadas, rialachas, teicneolaíocht, seirbhís do chustaiméirí agus feidhmíocht an chluiche ina measc.

## 1.5.1 Oibríochtaí agus Cistí an Chrannchuir Náisiúnta ar Chúiseanna Maithe

Faoi mar a thug an tOibreoir le fios, d'imir thart ar 1.3 milliún duine cluichí an Chrannchuir Náisiúnta cluichí ar bhonn rialta in 2020 agus b'ionann díolacháin ticéad don bhliain 2020 agus €918.9 milliún (2019: €884.5 milliún). B'ionann díolacháin do chluichí bunaithe ar chrannchur agus €592.0 milliún (2019: €586.7 milliún), agus b'ionann díolacháin i dtaobh cluichí ar an toirt (cluichí scríobchárta agus idirghníomhacha bua láithrigh) agus €326.9 milliún (2019: €297.8 milliún).

Tháinig laghdú ar líonra an chainéil mhiondíola in 2020. Thug an tOibreoir le fios go raibh 5,415 asraon gníomhach miondíola ann amhail an 31 Nollaig 2020, ar laghdú 4.9% é seo anuas ó 2019 (5,691). B'ionann díolacháin ar líne agus thart ar 68.28% agus b'ionann agus 14.8% de na díolacháin iomlána iad (2019: 9.1%).

Lean torthaí **a gineadh** ar mhaithe le Cúiseanna Maithe ag dul i méid. Léirítear i gcuntais an Oibreora gur tháinig méadú 0.8% aníos go dtí €253.6 milliún (2019: €251.6 milliún) ar chuntais an Oibreora do Chúiseanna Maithe. Imríonn athruithe ar an gcéatadán bliantúil íoctha amach do dhuaiseanna, mar gheall ar athruithe ar an meascán díolacháin táirgí, tionchar ar shuimeanna a ghintear do Chúiseanna Maithe. Seo a leanas achoimre do na blianta 2015 (an chéad bhliain iomlán inar oibríodh faoin gCeadúnas nua) go dtí an bhliain 2020, ó chuntais an Oibreora:


| Bliain | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €670.4m | €750.2m | €800.2m | €805.0m | €884.5m | €918.9m |
| **Eisíocaíocht duaiseanna %** | 56.85% | 56.25% | 56.49% | 56.35% | 56.25% | 57.56% |
| **Ginte do Chúiseanna Maithe** | €188.0m | €213.3m | €226.3m | €228.5m | €251.6m | €253.6m |

Ba iad na suimeanna iomlána **a d'aistrigh** ORCN ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste lena leithdháileadh ar Chúiseanna Maithe in 2020 €270.3 milliún (2019: €250.7 milliún), agus is méadú 7.8% é seo i gcomparáid le 2019. Áiríodh suim €16.1 milliún leis na haistrithe in 2020 maidir le duaiseanna stairiúla éagtha nár éilíodh. Ar bhonn iontamhla, tháinig méadú 1.4% ar na suimeanna iomlána a aistríodh lena ndáileadh ar Chúiseanna Maithe ó 2019 go 2020.

Baineann na torthaí do Chúiseanna Maithe a ghin an tOibreoir in 2020 le díolacháin ticéad a cuireadh i gcuntas sa bhliain féilire sin, i.e. ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020. Baineann Cistí do Chúiseanna Maithe a aistríodh chuig an Státchiste i rith 2020 (atá ar bhonn fáltais airgid thirim), seachas maidir le duaiseanna stairiúla éagtha nár éilíodh, le hairgead a tuilleadh ó dhíolacháin ticéad sa tréimhse 52 seachtain ón 15 Nollaig 2019 go dtí an 12 Nollaig 2020.

Leagtar amach san fhíor thíos na suimeanna a aistríodh ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste lena ndáileadh ar Chúiseanna Maithe (de bhun alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, chun na gcríoch a leagtar amach in Alt 41) sna blianta ó 2014, an bhliain inar thosaigh PLI ag oibriú an Chrannchuir Náisiúnta, go dtí 2020.

**Suimeanna a aistríodh ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an Státchiste do Chúiseanna Maith (x €milliún)**




* Áiríodh leis an tsuim €219 milliún a aistríodh ar Chúiseanna Maithe in 2016 €7 milliún i dtaca le suimeanna stairiúla a tugadh anonn i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta.

† Áiríodh suim €16.1 milliún leis na haistrithe in 2020 maidir le duaiseanna stairiúla éagtha nár éilíodh.

## 1.5.2 Cosaint Imreoirí

Cuspóir reachtúil den Rialálaí is ea go gcosnaítear leasanna na rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta. San áireamh leis an gcuspóir seo tá monatóireacht a dhéanamh ar conas atá an méid seo a leanas á chosaint ag an Oibreoir:

- Iad siúd atá faoi aois (a shainítear chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta mar dhaoine faoi 18 mbliana d'aois)
- Imreoirí atá tugtha d'imirt iomarcach nó a chruthaíonn fadhbanna dóibh.

Cé go mbaineann go leor daoine taitneamh as agus go dtugann siad faoi ghníomhaíocht a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta go sábháilte, féadfaidh grúpaí nó daoine aonair áirithe a bheith leochaileach nó tugtha d'imirt a chruthaíonn fadhbanna dóibh. Aithníonn ORCN go bhfuil gnéithe áirithe de chluichí agus den timpeallacht chluichíochta ann (cé acu ar líne nó trí asraonta miondíola) ar féidir leo patrúin imeartha athfhillteacha a chur chun cinn, cur leis an mbaol a bhíonn roimh imreoirí, go háirithe i dtaobh grúpaí áirithe imreoirí. Tá roinnt mhaith tosca i gceist le fadhbanna cluichíochta a chruthú agus a chosc, ina mbíonn baint ag idirghníomhú idir an duine, an táirge (an cluiche) agus an timpeallacht chluichíochta/tráchtála.

Príomhsprioc den Rialálaí is ea gur cheart go dtabharfadh imreoirí chluichí an Chrannchuir Náisiúnta idirghníomhú feasach tomhaltóra leis an gCrannchur Náisiúnta a íoslaghdaíonn riosca i leith rannpháirtithe. I measc na mbeart atá i bhfeidhm chun an sprioc seo a bhaint amach, tá: rialuithe ar ábhar cumarsáid mhargaíochta an Chrannchuir Náisiúnta, rialuithe ar thicéid chluiche an Chrannchuir Náisiúnta a cheannach, agus measúnú críochnúil ar an leibhéal riosca a bhaineann le gach cluiche a bheartaítear.

I ndiaidh bhriseadh amach COVID-19 in Éirinn, rinne an Rialálaí idirchaidreamh leis an Oibreoir lena dheimhniú cén bearta a bhí á ndéanamh aige le cosc a chur ar imirt iomarcach nó faidhbe ar líne fad a bhí an pobal ag fanacht sa bhaile mar gheall ar na srianta sláinte poiblí. Dheimhnigh an tOibreoir gur mhéadaigh an tOibreoir an mhonatóireacht a rinne sé ar imreoirí a bhí i mbaol imirt iomarcach nó faidhbe agus an chumarsáid a rinneadh leis na himreoirí siúd, arb é is cuspóir na cumarsáide sin cosc a chur ar imirt faidhbe. Rinne tOibreoir grinnscrúdú i gcaitheamh na bliana lena chinntiú go raibh imirt i mbaol á sainaithint i gceart agus go raibh an chumarsáid chuí á heisiúint d'imreoirí i mbaol.

## 1.5.3 Cumarsáid Mhargaíochta agus Fógraíocht Fhreagrach

Déanann ORCN monatóireacht rialta ar chainéil chumarsáide margaíochta an Oibreora lena chinntiú go gcloíonn sé le cleachtais fhreagracha fógraíochta agus chluichíochta. Caithfidh an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith trédhearcach, inrochtana, agus gan bheith míthreorach. Níor cheart imreoirí a nochtadh d'aon turas nó go neamhbheartaithe do chumarsáid ar dóchúil go n-eascróidh imirt faoi aois nó faidhbe astu.

## 1.5.4 Gearáin a Fuarthas

Féadfaidh baill den phobal, bíodh siad ina rannpháirtithe in aon chluiche den Chrannchur Náisiúnta nó a mhalairt, gearáin maidir leis an gCrannchur Náisiúnta a chur faoi bhráid an Oibreora, agus/nó an Rialálaí.

Is féidir teacht ar shonraí maidir le próiseas gearán an Oibreora i gCód Cleachtais na Rannpháirtithe, atá ar fáil ar láithreán gréasáin ORCN agus ón Oibreoir. Leagtar amach sonraí faoi conas gearán a dhéanamh le ORCN agus faoin bpróiseas gearán ar láithreán gréasáin ORCN.

Nuair a fhaigheann ORCN gearán ó bhall den phobal, caithfear breithniú a dhéanamh air ó pheirspictíocht rialála féachaint cé acu ar sháraigh nó nár sháraigh an tOibreoir an tAcht nó an Ceadúnas. Ní féidir leis an Rialálaí tionchar a imirt ar chinneadh nó cinneadh a athrú a thagann faoi chuimsiú shainchúram an Oibreora seachas chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an tAcht agus an Ceadúnas.

### Achoimre ar ghearáin a fuair an Rialálaí in 2020 agus an Gníomh a Rinneadh

| Ábhar na nGearán | Líonta |
|---|---|
| Ní raibh Trealamh Miondíoltóra ag Feidhmiú | 6 |
| Gearán ag Miondíoltóir | 10 |
| Eispéireas ar Líne | 25 |
| Dearadh / Praghas Cluiche | 1 |
| Scríobchártaí Éagtha | 1 |
| Eolas a Soláthraíodh | 17 |
| Cáilíocht Ábhar | 0 |
| Neamhbhainteach leis an gCrannchur Náisiúnta | 2 |
| **Iomlán** | **62** |
| **Gníomh a Rinne an Rialálaí** | **Líonta** |
| D'fhreagair ORCN go díreach | 42 |
| D'fhreagair an tOibreoir i ndiaidh go ndearna ORCN teagmháil | 20 |
| Gearáin leanúnacha amhail an 31 Nollaig 2020 | 3 |

## Dáta Éagtha Duaiseanna

I ndiaidh go ndearna imreoirí roinnt gearán in 2019 ar dheacair dóibh dáta éagtha duaiseanna scríobchárta a dhéanamh amach, rinne ORCN teagmháil leis an Oibreoir ag féachaint leis an gcás i measc imreoirí a fheabhsú. Tugtar 90 lá ó dháta crannchuir nó ón tráth a críochnaíodh cluiche scríobchárta d'imreoirí le duais a éileamh (cé gur cuireadh síneadh leis seo go dtí 180 lá ar bhonn sealadach i rith COVID-19). Cuirtear an fhaisnéis seo san áireamh ar gach ticéad an Chrannchuir Náisiúnta. Clóitear dáta an chrannchuir ábhartha go soiléir i gcónaí ar aon ticéad cluiche atá bunaithe ar chrannchur. Níor cuireadh an dáta a chríochnaíonn cluichí scríobchárta ar fáil de ghnáth roimh ré agus ba mhinic gur bunaíodh é ar a thapúla nó a mhoille a bhí an cluiche á dhíol (seachas i gcás cluichí scríobchárta séasúracha, cosúil le cluichí na Nollag). Treoraíodh ar chúl an scríobchárta imreoirí cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin, áit a bhféadfaí teacht ar dhátaí deiridh cluiche scríobchárta.

Tar éis teagmháil a dhéanamh leis an Oibreoir, mheas an Rialálaí in 2020, bunaithe ar an bhfianaise, nach ndeachaigh sé chun sárleasa imreoirí go raibh orthu cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin leis an bpíosa seo eolais a aimsiú faoi tháirge miondíola. D'iarr an Rialálaí ar an Oibreoir breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh sé dátaí éagtha duaiseanna a chur in iúl níos fearr d'imreoirí scríobchárta sa siopa, ar aon dul leis an oibleagáid atá air faoi Chlásal 6.9.1 chun a dhícheall a dhéanamh a éascú go n-éilítear na duaiseanna siúd. I ndeireadh na dála, dheimhnigh an tOibreoir go bhféadfadh sé dátaí deiridh cuí cluiche a dhéanamh amach do scríobchártaí roimh ré agus mhol sé go gclófaí iad ar thicéad an scríobchárta. Mar thoradh air sin, taispeántar anois ar gach ticéad cluiche scríobchárta dáta éagtha beacht duaiseanna sa chluiche ar chúl an chárta i scríbhneoireacht faoi chló trom.

## Cluichí Comharba

Dheimhnigh an Rialálaí catagóir cluichí ar a dtugtar "Cluichí Comharba" ("Successor Games") i Meán Fómhair 2020 ar leaganacha nuashonraithe iad de chluichí scríobchárta faofa reatha. Ba é seo an chéad chatagóir chluichí a dheimhnigh an Rialálaí. Ceadaíodh scéim don chatagóir ina mbíonn teorainn ar nuashonruithe ar chluichí scríobchárta i leith paraiméadair shainithe agus caithfidh an dáta deiridh éilimh duaise a bheith clóite ar chúl an chárta i scríbhneoireacht faoi chló trom ar gach cluiche comharba.

## 1.5.5 Athbhreithnithe Téamúla Comhlíonta

I rith 2020, thug ORCN faoi na hathbhreithnithe téamúla comhlíonta seo a leanas:

### Gearáin a Thabhairt le Fios

Ceanglaítear i gClásal 8.19 den Cheadúnas ar an Oibreoir sonraí faoi ghearáin a fuair sé a sholáthar do ORCN agus faoin ngníomh a rinneadh chun dul i ngleic le gach saghas gearáin. Iarradh ar an Oibreoir cóipeanna a sholáthar de gach comhfhreagras le himreoirí agus gach glaoch gutháin a cuireadh air i rith tréimhse randamach 10 lá in 2019. Ba é cuspóir an athbhreithnithe a sheiceáil go bhfuil sonraí faoi gach gearán a fuair sé ó imreoirí á gcur ar fáil i gceart do ORCN.

Rinne ORCN athbhreithniú ar 3,559 ríomhphost agus glaoch gutháin ón bpobal i gcoitinne a seoladh chuig/a cuireadh ar an Oibreoir i rith tréimhse 10 lá agus dheimhnigh cén cinn díobh a d'fhéadfaí a chatagóiriú mar ghearán. Cuireadh an tsraith seo taifead i bhfad níos lú i gcomparáid ansin leis na tuairiscí a sheol an tOibreoir go ORCN ina raibh sonraí faoi ghearáin a fuair sé sa tréimhse 10 lá sin. Bhí an Rialálaí sásta le comhlíonadh PLI i dtaca le taifid agus níor theastaigh gníomh ar bith breise.

### Trádmharcanna

Sonraítear sna forálacha a bhaineann le trádmharc agus cóipcheart, a leagtar amach i gClásal 7 den Cheadúnas, ról an Rialálaí agus an Oibreora. I gcomhréir le mír 7.3.3, caithfidh an tOibreoir riachtanais a shásamh chun lógó an Chrannchuir Náisiúnta a thaispeáint ar thicéid, cáipéisí agus trealamh a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta.

Déanann an Rialálaí monatóireacht ar an úsáid a bhaintear as trádmharcanna ar bhonn leanúnach agus tugann sé faoi athbhreithniú ar chomhlíonadh an Oibreora gach bliain. Níor tháinig aon cheanglas chun cearta thrádmharc an Chrannchuir Náisiúnta chun solais in 2020.

## 1.5.6 Forfheidhmiú

Ceadaíonn Alt 32 den Acht don Rialálaí imscrúdaitheoir a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú dealraitheach ar an Acht nó an Ceadúnas. Ceadaítear in Alt 33 don Rialálaí chun treoir a eisiúint don Oibreoir a cheanglaíonn air chun tabhairt faoi nó chun deireadh a chur le tabhairt faoi ghníomh/ghníomhartha sonraithe. Ceadaítear in Ailt 34 agus 35 don Rialálaí smachtbhanna airgeadais a ghearradh ar an Oibreoir nuair a theip air treoir a chomhlíonadh. Féadfaidh an Rialálaí na sonraí faoi aon sárú agus treoir nó aon ráiteas ar thorthaí nó aon iarratas ar an gCúirt faoi Alt 35 a fhoilsiú.

## Teorainneacha Caithimh ar Líne

I rith na seachtaine dar tús an 30 Nollaig 2019, chaith 116 imreoir breis agus €300 ar chluichí ar líne an Chrannchuir Náisiúnta. Foráiltear i Sceideal 9, Alt 5 den Cheadúnas a fhorálann gurb é an caitheamh uasta seachtainiúil is féidir le himreoir a chaitheamh ar chluichí ar líne €300. Shainaithin an tOibreoir an cheist agus mhínigh sé gur mar gheall ar shaincheist theicniúil nach raibh coinne leis a bhí seo a d'eascair as athrú bogearraí a cuireadh i bhfeidhm sa tseachtain dheireanach in 2019 agus sa chéad seachtain in 2020 agus ba é seo an chéad uair a tharla seo. Cuireadh réiteach bogearraí, agus tástáil sceidealaithe ar an réiteach sin, i bhfeidhm go tapa. Rinne an tOibreoir teagmháil le himreoirí a ndearnadh difear dóibh agus d'eisigh sé seiceanna aisíocaíochta do shuimeanna os cionn €300.

Rinne an Rialálaí an cinneadh an 14 Meán Fómhair 2020 gur sháraigh an tOibreoir Sceideal 9, Alt 5 den Cheadúnas. Dheimhnigh an tOibreoir in Eanáir 2021 go ndearnadh tástáil agus gur éirigh leis an réiteach bogearraí. Níor theastaigh gníomh ar bith breise.

## Duaiseanna Scríobchárta a Fágadh as an Áireamh

D'fhoilsigh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an tuarascáil i nDeireadh Fómhair 2020 ar thorthaí a fiosrúcháin neamhspleách ar shaincheist a bhaineann le trí chluiche scríobchárta a oibríonn PLI, a tháinig chun solais in 2019. Foilsíodh an tuarascáil mar cheist leas an phobail agus is féidir teacht air ar láithreán gréasáin ORCN anseo.

Dheimhnigh an Rialálaí go raibh ceithre dhuais i measc trí chluiche mícheart mar gheall ar earráid dhaonna thar ceann fhoireann an Oibreora agus gur theip ar an Oibreoir na rialuithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm agus chun na hearráidí siúd a shainaithint agus a cheartú. Dheimhnigh an Rialálaí gur sháraigh an tOibreoir trí fhoráil an Achta agus an Cheadúnais. Seo na chéad sáruithe a rinneadh riamh den chineál seo.

Thit Crannchur Speisialta Athbhliana amach an 31 Nollaig 2019, a d'aisíocfadh luach na nduaiseanna a fágadh ar lár ar chostas breise ar bith ar na himreoirí, agus chistigh an tOibreoir é go hiomlán. Lena chinntiú nár bhain an tOibreoir tairbhe airgeadais as an gCrannchur Speisialta, rinneadh tabhartas €50,000 a thabhairt do charthanas meabhairshláinte.

Ní dhearna na hearráidí difear d'ioncaim a gineadh do Chúiseanna Maithe agus níor tháinig meath ar dhíolacháin ticéad agus scríobchártaí an Chrannchuir Náisiúnta in 2020. Ní thugtar le fios in aon chor go bhfuil i bhfad níos lú iontaoibhe ag imreoirí as gnás an Chrannchuir Náisiúnta agus níor baineadh d'iomláine agus íomhá an Chrannchuir Náisiúnta go hábhartha.

Tá roinnt rialuithe nua i bhfeidhm chun cosc a chur ar na hearráidí sin ag an Oibreoir tarlú arís agus lena cheadú don Rialálaí aon saincheist atá cosúil leis seo a bhrath níos luaithe. Rinneadh athbhreithniú ar na scríobchártaí go léir a cuireadh ar fáil lena ndíol agus níor deimhníodh go raibh duaiseanna fágtha ar lár in aon chinn eile.

# 1.6 Iarrataí Rialála faoin Acht agus an Ceadúnas

**Teastaíonn ó roinnt gnéithe de ghníomhaíochtaí an Oibreora faomhadh scríofa an Rialálaí a fháil roimh ré i leith chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais, an méid seo a leanas san áireamh:**

- Scéimeanna nua nó leasaithe do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta.
- Soláthraithe nua seirbhíse a cheapadh.
- Scéimeanna chun trealamh a thástáil a úsáidtear i dtarraingtí an Chrannchuir Náisiúnta, anuas ar dhaoine cáilithe, neamhspleácha a fhaomhadh chun tabhairt faoi na tástálacha.
- Líne thuairiscithe iniúchóireachta inmheánaí.
- Cur Síos Infhaofa ar phróisis agus córais.
- Athruithe ar Chóid Chleachtais, an méid seo a leanas ina measc:
  - Cód Cleachtais Rannpháirtithe,
  - Cód Cleachtais Díolachán,
  - Cód Cleachtais Fógraíochta agus Phromóisin, agus
  - Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin.

## Próiseas measúnaithe

Foráiltear agus leagtar amach i gClásal 23 den Cheadúnas d'aon iarrataí a dhéanann an tOibreoir óna dteastaíonn athbhreithniú agus leagtar amach ann faomhadh an Rialálaí. Déantar gach iarraidh ar fhaomhadh nó toiliú a scrúdú lena mheas cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé réimse forálacha an Achta agus an Cheadúnais. Nuair nach mbíonn an Rialálaí sásta go bhfuil iarraidh comhlíontach, féadtar iarraidh ar an Oibreoir breis faisnéise a thabhairt.

Má sheoltar faisnéis bhreise nó togra leasaithe ar aghaidh ina dtéitear i ngleic le buarthaí an Rialálaí, dhéanfaí an iarraidh a fhaomhadh, ar deireadh. Nuair nach bhfuil an tOibreoir in ann dul i ngleic leis na buarthaí laistigh den amfhráma riachtanach, dhéanfadh an Rialálaí an iarraidh a dhiúltú nó dhéanfadh an tOibreoir é a aistarraingt.

## Iarrataí 2020

Rinne an tOibreoir an líon ab airde iarrataí in 2020 ó tosaíodh an Ceadúnas, agus ba bhearta a theastaigh chun freagairt an Chrannchuir Náisiúnta do COVID-19 a bhainistiú ba chúis pháirteach leis seo. As na 59 iarraidh a fuarthas, bhain deich n-iarraidh le bearta a theastaigh mar fhreagairt do phaindéim COVID-19.

| Stádas | Gach Iarraidh | Bainteach le Cluiche |
|---|---|---|
| Faighte | 59 | 36 |
| Faofa | 52 | 36 |
| Diúltaithe | 0 | 0 |
| Aistarraingthe ag an Oibreoir | 6 | 0 |
| Á bhreithniú an 31 Nollaig 2020 | 1 | 0 |

Féach Aguisín C chun teacht ar shonraí.

Tá sonraí faoi iarrataí a fuarthas i mblianta roimhe seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Rialálaí.

## Iarrataí a bhaineann le COVID-19

Fuarthas deich n-iarraidh in 2020 ón Oibreoir chun dul i ngleic le ceisteanna a tháinig chun solais mar thoradh díreach ar phaindéim COVID-19. Áirítear leo seo athruithe ar Chluiche Teilifíse *Winning Streak*, síntí le dátaí éilimh duaiseanna, athruithe ar phróisis/shaoráidí éilimh duaiseanna, agus teicneolaíocht nua nó próisis a bhaineann le cianoibriú. Seo a leanas na hiarrataí faofa:

- **Winning Streak** - Nuair a chuirtear cás COVID-19 a bhí ag teacht chun cinn san áireamh, cheadaigh an Rialálaí athruithe ar chluiche scríobchárta *Winning Streak* go mear i Márta 2020 i ndiaidh go ndearnadh athbhreithniú lena chinntiú nach raibh imreoirí faoi mhíbhuntáiste. Mar gheall ar chineál fhormáid lucht féachana stiúideo Sheó Cluichí Teilifíse *Winning Streak* agus ar rannpháirtíocht imreoirí ann, rinneadh an cinneadh, chun sárleasa sláinte poiblí, stop a chur leis an gcluiche a dhíol agus an seó cluiche teilifíse a chealú go sealadach. D'aistarraing an tOibreoir gach scríobchárta *Winning Streak* ó dhíolachán agus dheimhnigh sé go seasfadh sé leis na hiontrálacha uile bailí trí réalta scríobchárta *Winning Streak* a díoladh a fhaide leis an dáta cealaithe, trí Sheó Cluichí deiridh *Winning Streak* a thitfeadh amach nuair a bheadh sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh. (Lean na seónna *Lotto* agus *Telly Bingo* de bheith ar siúl mar gheall nár chruthaigh a bhformáidí craolta rioscaí sláinte poiblí.) Cuireadh Seó Cluichí deiridh *Winning Streak* ar siúl an 16 Meán Fómhair 2020 ag stiúideonna RTÉ ach níor léiríodh ar an teilifís é. Cuireadh ar siúl é gan lucht féachana stiúideo agus ar aon dul le prótacail Covid-19 RTÉ. D'fhreastail foireann KPMG agus cuireadh an Seó Cluichí ar siúl ar aon dul le rialacha an chluiche agus na gnáthsheiceálacha agus iarmhéideanna slándála. Ar an drochuair, ní féidir *Winning Streak* a chur ar siúl go sábháilte arís go fóill, ag tráth an scríofa.
- **Síneadh Sealadach leis an Tréimhse Éilimh Duaiseanna** - Nuair a iarradh ar an tír fanacht sa bhaile i Márta 2020, d'iarr an tOibreoir leis an líon laethanta a shíneadh go sealadach a tugadh d'imreoirí duais a éileamh ó 90 lá go 180 lá i gcás cluichí áirithe scríobchárta agus crannchurbhunaithe. Chuirfeadh an togra seo cosc ar dhuaiseanna dul in éag i rith na tréimhse srianta taistil agus gluaiseachta agus chuir sé athdhearbhú ar fáil d'imreoirí go bhféadfaí a nduais a éileamh nuair a bhí sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh. Thug an tOibreoir faoi fhorbairt agus tástáil theicniúil lena chinntiú go bhféadfaí tabhairt faoin mbeart seo go rathúil.

Rinne an Rialálaí na hiarrataí seo a cheadú agus thug sé tús áite dóibh chun leasanna imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint faoi na cúinsí gan choinne seo. Athraíodh an tréimhse éilimh duaiseanna in Iúil 2020, i ndiaidh athoscailt Chéim 3, go dtí 90 lá arís. Seo a leanas na cluichí ar cuireadh síneadh lena dtréimhsí éilimh:

- Dátaí deiridh *All Cash* – tugadh cead i Márta chun síneadh 90 lá a chur leis na dátaí deiridh éilimh i measc an réimse iomláin cluichí scríobchárta *All Cash*.
- Dátaí Deiridh Scríobchártaí - ceadaíodh a mhacasamhail d'fhaomhadh i Márta chun an tréimhse chun duaiseanna a éileamh a shíneadh sna cluichí scríobchárta seo a leanas: Cluiche 224 Crossword Doubler, Cluiche 225 Crossword Plus, Cluiche 226 Diamond Bingo Doubler, Cluiche 219 Bingo Times , Cluiche 223 Congratulations, Cluiche 235 Hampers Sweets & Treats, Cluiche 236 Merry Money, agus Cluiche 237 Christmas Countdown.
- Dátaí Éilimh Duaiseanna Crannchurbhunaithe - Mar gheall ar shrianta taistil agus gluaiseachta, tugadh cead in Aibreán chun an tréimhse chun duaiseanna a éileamh a shíneadh sna cluichí crannchurbhunaithe seo a leanas:
    - Euro Millions agus Euro Millions Plus.
    - Lotto agus Lotto Plus.
    - Lotto 54321.
    - Daily Millions agus Daily Millions Plus.
    - Telly Bingo.
- **Próiseas Sealadach Cianda Éilimh Duaiseanna** - Nuair a iarradh ar an tír fanacht sa bhaile, iarradh ar bhuaiteoirí duaiseanna ar ardleibhéal, ar ghnách dóibh a nduais a bhailiú i bpearsan, coinní a dhéanamh chun a nduais a bhailiú i ndiaidh na dianghlasála. Chinntigh an síneadh a cuireadh le dátaí éilimh na nduaiseanna nach rachadh na duaiseanna seo in éag. Fad a lean na srianta a bheith i bhfeidhm, áfach, bheartaigh an tOibreoir nós imeachta eile chun duaiseanna ardleibhéil a íoc a chuir leis an bpróiseas éilimh poist reatha le haghaidh duaiseanna meánleibhéil agus leasú sealadach gaolmhar a dhéanamh ar an gCeadúnas, a rinne ORCN a athbhreithniú agus a cheadaigh an Rialálaí i ndeireadh na dála.

  Tugadh cead in Iúil 2020 agus i bhFeabhra 2021 chun fad an leasaithe shealadaigh a shíneadh, agus an Ceadúnas a leasú níos mó lena cheadú do bhall d'fhoireann an Chrannchuir Náisiúnta taisteal go háiteanna cónaithe buaiteoirí duaiseanna ardleibhéil chun éilimh a phróiseáil.

Foilsíodh sonraí na leasuithe seo ar an gCeadúnas ar láithreán gréasáin an Rialálaí, ar a uain sin, agus cuirtear ar fáil iad i Mír 1.9 thíos.

# 1.7 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

**Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ("an Ciste") faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 mar chuntas singil a bhí á choimeád le Banc Ceannais na hÉireann. Déanann an Rialálaí an Ciste seo a bhainistiú agus a rialú i gcomhréir leis an Acht agus an Ceadúnas.**

## Cistí do Chúiseanna Maithe

Ríomhtar an tsuim a leithdháiltear ar Chúiseanna Maithe, i gcomhréir leis an Acht agus an Ceadúnas, mar 65% den difríocht idir díolacháin agus duaiseanna. Faoin Acht, caithfidh gurb ionann duaiseanna, ar an meán, i measc an phortfóilió de chluichí an Chrannchuir Náisiúnta, agus 50% de na díolacháin, ar a laghad, gach bliain. I rith 2020, aistríodh €270.3 milliún chuig an Státchiste do Chúiseanna Maithe (€16.1 milliún san áireamh maidir le duaiseanna stairiúla éagtha nár éilíodh) - i gcomparáid le €250.7 milliún in 2019.

## Socraíocht gach Seachtain

Déanann an Rialálaí athbhreithniú gach seachtain ar "tuarascáil seachtainiúil socraíocht" an Oibreora ar thicéid an Chrannchuir Náisiúnta a díoladh maidir le gach scríobchárta, cluiche bunaithe ar tharraingt, agus gach Cluiche Bua ar an Toirt. Tugtar faoi sheiceálacha maidir leis na suimeanna a leithdháiltear ar dhuaiseanna, Cúiseanna Maithe, miondíoltóirí agus an tOibreoir. Déanann ORCN crostagairt don fhaisnéis airgeadais seo, chomh maith, leis na sonraí fíor-ama ó chóras cluichíochta an Oibreora.

Cruthaíonn na seiceálacha seachtainiúla seo cuid de chóras rialaithe lena chinntiú go gcuirtear na hioncaim go léir a thiomsaítear ó thicéid an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol, an méid a bhronntar mar dhuaiseanna, an méid a bhronntar ar Chúiseanna Maithe agus an céatadán a bhronntar ar mhiondíoltóirí, i gcuntas i gceart.

## Aistrithe Cistí

Téitear i mbun na mbeart seo a leanas ar bhonn seachtainiúil, i gcomhréir le téarmaí an Cheadúnais:

**CÉIM 1** Déanann an tOibreoir an méid iomlán de dhíolacháin ticéid, glan ar choimisiúin na miondíoltóirí agus duaiseanna beaga a d'íoc miondíoltóirí, a thaisceadh isteach sa Chiste.

**CÉIM 2** Aistríonn an Rialálaí an méid i dtaobh duaiseanna, seachas duaiseanna beaga, don tseachtain, ón gCiste chuig an Oibreoir.

**CÉIM 3** Coimeádann an Rialálaí sa Chiste an méid maidir le Cúiseanna Maithe.

**CÉIM 4** Aistríonn an Rialálaí an méid atá le híoc maidir le tobhach an Rialálaí.

**CÉIM 5** Aistríonn an Rialálaí an méid eile atá le híoc maidir leis an tseachtain leis an Oibreoir.

## An méid atá dlite do Chuntas Chiste na nDuaiseanna

Tá ar an Oibreoir Cuntas Duaischiste a choimeád go sonrach chun airgead duaiseanna a fháil agus a íoc.

Bunaítear an méid a íocadh gach seachtain isteach i gCuntas an Duaischiste ar na duaiseanna measta a buadh, mar gheall nach féidir é a bhunú ar na duaiseanna iarbhír a buadh i seachtain ar leith. Is amhlaidh atá seo mar gheall ar bhearta slándála atá i bhfeidhm lena chinntiú nach féidir ticéid bhuaiteacha scríobchárta a shainaithint go dtí gur imríodh iad. D'fhéadfadh, ina theannta sin, go sáródh na duaiseanna iarbhír a buadh i seachtain ar leith na fáltais ó dhíolacháin a íocadh isteach sa Chiste don tseachtain chéanna (mar gheall ar phota óir agus ar an méid príomhdhuaiseanna a buadh i seachtain).

Ciallaíonn seo gurb éagsúil a bheidh an t-iarmhéid a bheidh ar fáil i gCuntas an Duaischiste ó na duaiseanna iarbhír a buadh i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta nár éilíodh go fóill. Leis an Acht a chomhlíonadh, caithfidh Cuntas an Duaischiste a réiteach go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil cistí dóthanacha ann chun íoc as duaiseanna. Ní shonraítear sa Cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú, áfach, conas nó cathain ba cheart aon réiteach den sórt sin a dhéanamh.

Cé nár tháinig cás aníos nárbh fhéidir le Cuntas an Duaischiste duais a íoc faoin gCeadúnas go dtí seo - agus is dóchúil nach dtiocfadh an cás sin aníos sa ghearrthéarma - d'fhéadfadh sé teacht aníos ag pointe áirithe amach anseo, i shaolré 20 bliain an Cheadúnais, mura dtéitear i ngleic leis.

Ar an gcúis sin, chuaigh an Rialálaí i mbun beart chun dul i ngleic leis an gceist. I ndiaidh go ndearnadh idirchaidreamh forleathan leis an Oibreoir agus le habhcóide dlíthiúil seachtrach, bheartaigh an Rialálaí an Ceadúnas a leasú chun soláthar a dhéanamh chun Cuntas an Duaischiste a réiteach go bliantúil.

Dheimhnigh an Rialálaí go bhfuil Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi dhliteanas íoc as na duaiseanna iarbhír a buadh, agus ceanglaítear sa Cheadúnas go raibh na suimeanna atá le híoc isteach agus amach ón gCiste ar bhonn seachtainiúil le ríomh trí thagairt a dhéanamh do na duaiseanna ionchasacha a bhaineann leis na díolacháin sa tseachtain sin (faoi mar a rinneadh go dtí seo), **agus tá réiteach bliantúil i leith na nduaiseanna iarbhír a buadh le déanamh tar éis dheireadh gach Bliana Airgeadais le coigeartú na híocaíochta bliantúla a ríomh is gá a dhéanamh ar Chuntas an Duaischiste.**

Nuair a chuirtear tábhacht an réitigh san áireamh, chomhaontaigh an Rialálaí agus an tOibreoir leis gur cheart comhaontú a dhéanamh ar fhoirm agus ar uainiú an réitigh bhliantúil agus ar na híocaíochtaí comhardaithe iarmhartacha agus gur cheart iad a chur i gcuntas trí leasú ar an gCeadúnas.

Bhain an Rialálaí comhaontú amach, ina dhiaidh sin, i mBealtaine 2021, leis an Oibreoir ar mhodh réitigh bhliantúil le hiarmhéid dheireadh na bliana a dheimhniú atá le híoc maidir le duaiseanna. Rinneadh comhaontú ar fhoirm agus ar uainiú an réitigh bhliantúil agus ar na híocaíochtaí comhardaithe iarmhartacha trí leasú ar an gCeadúnas, agus foilsíodh seo ar láithreán gréasáin ORCN. Rinneadh soláthar freisin do réiteach aonuaire ón dáta a thosaigh an tOibreoir le hoibríochtaí go dtí an 31 Nollaig 2020.

Seachnaíonn an réiteach bliantúil an baol go dtiocfadh cás aníos i rith thréimhse 20 bliain an Cheadúnais ina bhfuil cistí neamhleora ann i gCuntas an Duaischiste leis na duaiseanna iarbhír a bhuaigh imreoirí i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta a íoc leo. Ar an gcuma chéanna, seachnaíonn sé an baol go dtiocfadh cás aníos ina mbíonn cistí breise i gCuntas an Duaischiste nach dteastaíonn chun na duaiseanna iarbhír a bhuaigh imreoirí i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta a íoc leo agus nach féidir scaoileadh leo go fóill lena n-úsáid do Chúiseanna Maithe.

Déanfar coigeartú in Aibreán gach bliain don sciar (65%) do Chúiseanna Maithe den choigeartú a dhéanfar ar Chuntas an Duaischiste, agus léireofar seo in aistrithe a dhéanfar ina dhiaidh sin chuig an Státchiste. D'fhéadfadh go ndéanfadh treo an choigeartaithe gach bliain torthaí a mhéadú nó a laghdú a aistrítear chuig Cúiseanna Maithe, go mbeidís ag teacht leis na torthaí iarbhír a tuilleadh do Chúiseanna Maithe. Is éagsúil a bheidh scála an choigeartaithe a theastaíonn in aon bhliain airgeadais ar leith ó bhliain go bliain agus cuirfear i gcuntas é sna cuntais don Chiste.

Aithnítear i gcuntais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta an t-iarmhéid a bhíonn le híoc le Cuntas an Duaischiste i gcuntais 2020. Ba é an tsuim a bhí le híoc le Cuntas an Duaischiste ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta an 31 Nollaig 2020 €5.7 milliún agus aistríodh seo chuig Cuntas an Duaischiste i Meitheamh 2021.

## Duaiseanna Stairiúla Éagtha nár Éilíodh

Aistríodh €16.1 milliún ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta an 17 Aibreán 2020 chuig an Státchiste ar mhaithe le Cúiseanna Maithe maidir le duaiseanna éagtha a bhí sa Chiste go fóill ón oibreoir deireanach. Cuirtear an tsuim seo san áireamh sa tsuim iomlán €270.3 milliún a aistríodh chuig an Státchiste in 2020. Foilsíodh sonraí faoin leasú ar an gCeadúnas leis an aistriú seo a éascú ar láithreán gréasáin ORCN agus i Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019 agus cuirtear ar fáil freisin iad i mír 1.10 thíos.

## Cuntais Bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D'ullmhaigh an Rialalaí Cuntais Bhliantúla an Chiste agus chuir sé faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas iad le hiniúchadh de réir Alt 44 den Acht. Tá na cuntais seo iniúchta agus leagtha amach i Mír 3 den cháipéis seo.

# 1.8 Forfheidhmiú Trádmharcanna

Foráiltear in Alt 46 den Acht go bhfuil an cáilmheas a bhaineann leis na hainmneacha "Crannchur Náisiúnta na hÉireann" agus "an Crannchur Náisiúnta" agus a gcoibhéis sa Ghaeilge agus le hainm aon chluiche crannchuir sealbhaithe faoin gCeadúnas dílsithe san Aire. Tugtar cuntas i gClásal 7 ar fhorálacha mionsonraithe maidir le comhlíonadh trádmhairc agus cóipchirt agus cuimsítear i Sceideal 4 den Cheadúnas cóipeanna de chomhaontuithe Prótacal Idirlín forghníomhaithe a leagann oibleagáidí ar an Oibreoir. De bhun alt 9(5) den Acht, féadfaidh an Rialálaí aon trádmharcanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Níor tháinig aon cheanglas chun cearta thrádmharc an Chrannchuir Náisiúnta chun solais in 2020.

# 1.9 Leasuithe ar an gCeadúnas

## Duaiseanna Stairiúla Éagtha nár Éilíodh

D'fhógair an Rialálaí an chéad leasú ar an gCeadúnas an 1 Aibreán 2020 i ndiaidh gur dheimhnigh sí go n-aisíocfaí suim iomlán €16.092 milliún de Dhuaiseanna Stairiúla Éagtha nár Éilíodh (DSÉÉ) ón gCrannchur Náisiúnta leis an Státchiste ar mhaithe le Cúiseanna Maithe. Rinneadh an leasú tar éis gur chomhaontaigh an Oibreoir leis.

Ghabh an t-airgead siar a fhaide le deireadh an cheadúnais dheireanaigh a bhí ag Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post (CCNAP) agus bhain sé le duaiseanna nár éiligh buaiteoirí faoi dháta éagtha an ticéid. Níor luadh go sainráite sa Cheadúnas reatha (a oibríonn an tOibreoir) cad ba cheart a dhéanamh leis an airgead seo de réir mar a aistríodh oibriú an Chrannchuir Náisiúnta ó CCNAP go dtí an tOibreoir. Tar éis go ndearna an Rialálaí athbhreithniú forleathan, deimhníodh nach raibh an Stát ná an tOibreoir i dteideal an t-airgead a fháil agus, i ndeireadh na dála, réitíodh an tsaincheist tríd an gCeadúnas a leasú.

B'éard a rinne an leasú ar an gCeadúnas ná Clásal nua 6.17.1, mar seo a leanas, a iontráil:

> *"Ciallaíonn "Duaiseanna Stairiúla Éagtha nár Éilíodh" nó "DSÉÉ" an tsuim €16,091,653 a bhí á coimeád i gcuntas sa Chiste maidir le glansuim na gcúlchistí éagtha duaiseanna/cluiche i measc na gcluichí go léir a bhí carntha ó chuir Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post tús le trádáil agus nár úsáid Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post mar dhuaiseanna breise iad (trí bhreisiú agus promóisin) faoi dheireadh an cheadúnais a bhí ag Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post díreach roimh an Dáta Éifeachtach;*
>
> *Comhaontaítear go sainráite leis, go n-íocfaidh an Rialálaí DSÉÉ ar an Dáta Éifeachtach sin nó i ndiaidh an Dáta Éifeachtaigh, de bhun alt 44(3)(e) den Acht, leis an Lár-Chiste lena úsáid ag an Rialtas, agus ag an Rialtas amháin, chun na gcríoch a leagtar amach in alt 41 den Acht."*

## Íocaíocht Duaiseanna

Dúnadh Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta don phobal ar bhriseadh amach COVID-19 in Éirinn ar aon dul le Rialacháin an Rialtais a cheangal ar bhaill den phobal srian a chur ar a dtaisteal agus ar oibrithe oibriú as baile, sa chás gurbh fhéidir. Caithfidh buaiteoirí duaiseanna ardleibhéil a nduais a éileamh i bpearsan ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta i lár Chathair Bhaile Átha Cliath faoin gCeadúnas agus faoi Rialacha na gCluichí. Nuair a iarradh ar an tír fanacht sa bhaile, iarradh ar na buaiteoirí seo coinní a dhéanamh chun a nduais a bhailiú i ndiaidh na dianghlasála agus chinntigh an síneadh a cuireadh leis na dátaí éilimh duaiseanna nach rachadh na duaiseanna seo in éag. De réir mar a lean fad na srianta ar thaisteal agus ar ghluaiseacht de bheith i bhfeidhm, áfach, b'fhaide an mhoill a bhí ar bhuaiteoirí duaiseanna ardleibhéil agus tháinig borradh faoin líon buaiteoirí siúd. D'iarr an Rialálaí ar an Oibreoir breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadadh sé duaiseanna a íoc gan gá a bheith le buaiteoirí taisteal chuig Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, ar bhealach a cheadaigh don Oibreoir aois agus aitheantas buaiteoir a fhíorú agus neamhainmníocht an bhuaiteora á cosaint ag an am céanna. Theastódh athrú ar théarmaí an Cheadúnais uaidh seo.

Faoi phróiseas foirmiúil sa Cheadúnas, bheartaigh an tOibreoir nós imeachta eile chun duaiseanna ardleibhéil a íoc a chuir leis an bpróiseas éilimh poist reatha le haghaidh duaiseanna meánleibhéil agus leasú sealadach gaolmhar a dhéanamh ar an gCeadúnas, a rinne ORCN a athbhreithniú agus a cheadaigh an Rialálaí i ndeireadh na dála.

Tugadh cead in Iúil 2020 agus i bhFeabhra 2021 chun fad an leasaithe shealadaigh a shíneadh mar gheall ar shrianta leanúnacha ar thaisteal a bhain le COVID-19, agus an Ceadúnas a leasú níos mó lena cheadú do bhall d'fhoireann an Chrannchuir Náisiúnta taisteal go háiteanna cónaithe buaiteoirí duaiseanna ardleibhéil chun an cháipéisíocht riachtanach a bhailiú le héilimh a phróiseáil ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta. Foilseofar sonraí faoi cathain is féidir le buaiteoirí ábhartha freastal, arís eile, ar Cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, ar láithreán gréasáin ORCN in am agus i dtráth.

Seo a leanas an leasú a rinneadh:

> *"Caithfidh buaiteoirí duaiseanna €10,000 nó níos mó teacht i láthair ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, áit a ndéanfar a n-aois agus a sonraí aitheantais a fhíordheimhniú sula n-eiseofar seic. De rogha air sin, mura féidir le buaiteoirí teacht i láthair ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta mar gheall ar shrianta oifigiúla sláinte COVID-19, agus i ndiaidh d'fhoireann Éileamh ón gCrannchur Náisiúnta a dheimhniú, is féidir leis an éilitheoir foirm éilimh agus an cháipéisíocht riachtanach go léir a sheoladh sa phost chuig Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta i bpriacal an éilitheora, agus an éilitheora amháin. Más bailí é, íocfar éilimh trí sheic."*

## Rialachán (AE) 2018/1807 - Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta san Aontas Eorpach

Foilsíodh Rialachán (AE) 2018/1807 ar Chreat um Shaorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta san Aontas Eorpach i mí na Nollag 2018 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Lorgaíonn an Rialachán saorghluaiseacht seirbhísí próiseála sonraí neamhphearsanta a éascú laistigh den Aontas Eorpach trí thoirmeasc a chur ar rialacha, aon rialacha san áireamh san Acht nó sa Cheadúnas nach mór tabhairt faoin bpróiseáil sin i mBallstát ar leith an Aontais Eorpaigh. Tá ar Bhallstáit, i measc rudaí eile, forálacha an dlí náisiúnta a aisghairm a thagann salach ar an Rialachán. Rinneadh dlí den Rialachán in Éirinn an 28 Bealtaine 2019.

Ceanglaítear i gClásal 1.1.10 agus Clásal 3.2 an Cheadúnais go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí áirithe próiseála in Éirinn. Chomhaontaigh an Rialálaí agus an tOibreoir an 24 Meán Fómhair 2020 leis na clásail seo a leasú lena cheadú an phróiseáil sin a dhéanamh áit ar bith san Aontas Eorpach go sásódh sé an Rialachán.

Seo a leanas foclaíocht leasaithe Chlásal 1.1.10:

> *"Ciallaíonn 'Córas Láir' na crua-earraí agus na bogearraí oibriúcháin a úsáidfidh an Ceadúnaí a fhreastalaíonn ar riachtanais oibríochtúla an Chrannchuir Náisiúnta (gan Saoráidí ar Líne a áireamh) agus aon nuashonruithe, scaoileadh, leaganacha, paistí nó breisiúcháin de agus atá in ionaid sonraí an Cheadúnaí (ionad sonraí príomhúla agus ionad sonraí athshlánaithe ó thubaiste) atá tiomnaithe d'oibriú an Chrannchuir Náisiúnta. Sa chás go dtagann difríocht aníos idir an Córas Láir agus Ticéad, beidh an forlámhas ag an bhfaisnéis sa Chóras Láir."*

Seo a leanas foclaíocht leasaithe Chlásal 3.2:

> *"Cinnteoidh an Ceadúnaí, ar mhaithe le maoirseacht, go bhfuil gnéithe ábhartha Oibríochtaí, ar an Dáta Éifeachtach agus ar feadh théarma iomlán an Cheadúnais, le bheith lonnaithe laistigh den Aontas Eorpach agus táthar le tabhairt fúthu laistigh den Aontas Eorpach (faoi mar is infheidhme) (laistigh de bhrí Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972-2012). Áireofar leis na gnéithe siúd an t-ionad sonraí príomhúla, an t-ionad sonraí príomhúla athshlánaithe ó thubaiste, tacaíocht seirbhís allamuigh theicniúil agus tráchtála Miondíoltóra, tacaíocht theicniúil chéad leibhéal an Chórais, ionad glaonna Rannpháirtithe agus Miondíoltóirí agus an deasc chabhrach."*

# 1.10 Gnóthaí Corparáideacha

## 1.10.1 Freagairt agus Torthaí COVID-19

Roimh an mbliain 2020, oibríodh ORCN mar eagraíocht oifigbhunaithe a raibh acmhainn theoranta chianoibrithe aici. Nuair a chuirtear an dóchúlacht san áireamh go dtiocfadh COVID-19 a fhaide le hÉirinn agus an dianghlasáil a cuireadh i bhfeidhm dá thoradh sin, d'fhostaigh ORCN saineolaí TF i bhFeabhra 2020 le comhairle a sholáthar faoi rochtain chianda shlán a sholáthar agus a thabhairt isteach ar ár mbonneagar TF agus forbraíodh beartas cianoibrithe, lenar áiríodh measúnuithe sláinte agus sábháilteachta ar stáisiúin oibre baile. Faoin tráth a fógraíodh an chéad dianghlasáil i Márta 2020, bhí ORCN tar éis aistriú chuig cianoibriú 100%, i dtimpeallacht shlán, agus bhí rialuithe nua curtha i bhfeidhm aige a rialaíonn próisis agus nósanna imeachta a bhí saincheaptha do chianoibriú.

De réir mar a lean cianoibriú ar aghaidh, tugadh tús áite d'athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe i gcomhthéacs oibriú as baile agus meascán de nósanna imeachta traidisiúnta agus leictreonacha, faoi mar ba chuí don phróiseas, a bhí sna nósanna imeachta hibrideacha a d'eascair. Leasaíodh uasghrádú pleanáilte ar chóras TF ORCN leis an rogha a chur san áireamh chun tacú le socrú oibre cumaisc san fhadtéarma agus cuireadh i bhfeidhm ansin é nuair ab fhéidir faoi rialacháin COVID-19.

Bhí an t-aistriú chuig cianoibriú éifeachtúil a bhuíochas le comhoibriú na foirne, agus níor cuireadh isteach ar leanúnachais gnó, ach chomh beag. Níor cuireadh isteach ar inrochtaineacht phoiblí ar an nguthán agus ar ríomhphost agus leanadh le hidirchaidreamh le páirtithe leasmhara, leis an Oibreoir, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an bhfoireann i dtimpeallacht fhíorúil. I bhfírinne, tháinig méadú ar an idirchaidreamh le páirtithe leasmhara agus ar an obair laethúil i rith 2020 mar fhreagairt dhíreach don phaindéim.

Thacaigh ORCN lena fhoireann i rith 2020 tríd an líon fíorúla leis an bhfoireann uile a mhéadú agus trína chinntiú gur chas bainisteoirí leis an bhfoireann tuairiscithe, ar líne, ar bhonn seachtainiúil. Mar chuid de chlár leanúnach folláine chun tacú le sláinte agus meanma na foirne agus le caidreamh oibre idir comhghleacaithe a chothú, chuir an eagraíocht roinnt acmhainní agus imeachtaí ar líne i bhfeidhm lena chinntiú gur tacaíodh leis an bhfoireann agus gur lean siad le ceangal a chothú leis an bpobal fad a bhí siad ag oibriú go cianda.

Déanann ORCN sraith beartais agus nósanna imeachta airgeadais agus oibríochtúla a chur ar fáil a dhéantar a athbhreithniú ar bhonn timthriallach. Fad a d'aistrigh ORCN chuig cianoibriú, rinneadh breithniú ar phróisis áirithe a dtugtar tús áite dóibh lena shainaithint cá raibh athruithe ag teastáil go mbeidís in ann oibriú go cianda agus a chinnteodh go ndearnadh rialú maith ar na cianphróisis uile agus go raibh siad slán. De réir mar a tháinig beartais agus nósanna imeachta aníos lena n-athbhreithniú in 2020, rinne breithniú ar gach ceann díobh i gcomhthéacs oibriú go cianda. Ní dhéantar soláthar anois i roinnt beartais agus nósanna imeachta leasaithe ach do chórais leictreonacha, nuair a deimhníodh go raibh iad seo ní b'éifeachtaí agus ní b'éifeachtúla ná próisis a bhí ann cheana féin, agus déantar soláthar i roinnt eile díobh do roghanna san oifig agus roghanna cianda araon.

## 1.10.2 Straitéis

Mar chuid de Straitéis trí bliana, leag an Rialálaí amach cuspóirí straitéiseacha agus tá sé ag oibriú chun na spriocanna seo a bhaint amach. Níor athraigh paindéim COVID-19 na cuspóirí seo ná níor imir sé tionchar suntasach ar an mbealach a thugann ORCN faoi iad a bhaint amach. Cuireadh tionscadail áirithe siar roinnt míonna chun acmhainní a atreorú chuig na ceisteanna úrnua níos práinní a tháinig chun solais mar gheall ar an bpaindéim agus cuireadh taighde ar mhiondíol ar an láthair siar go dtí gur féidir é a dhéanamh go sábháilte.

## 1.10.3 Rialachas Corparáideach

### Cód Cleachtais Rialachais Chorparáidigh

Tá cleachtas rialachais ORCN bunaithe ar an gCód Cleachtais nuashonraithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Ghlac ORCN le forálacha an Chóid mar ba chuí i gcomhthéacs cheanglais an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013, a dhéanann foráil do shealbhóir oifige aonair gan bhord.

Tá Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm agus sonraítear go foirmiúil ann comhlíonadh an Chóid ag ORCN, maolú agus oiriúnuithe ina measc a oireann do struchtúr ORCN.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Tá ORCN san áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimhir 36 de 2015 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Rinne an Rialálaí agus an fhoireann ábhartha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin reachtaíocht seo.

### An Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas na hEarnála Poiblí

I gcomhlíonadh a oibleagáidí comhlachta phoiblí faoi Alt 42 den Acht um Chomhionannas 2014, thug ORCN faoi chleachtadh mionsonraithe i rith 2020 le saincheisteanna um chearta daonna agus comhionannas a shainaithint a ndéanann obair an Rialálaí difear dóibh go díreach nó go hindíreach nó a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach don obair sin. Áiríodh athbhreithniú leis an gcleachtadh seo ar a idirghníomhaíonn ORCN leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus conas a oibrímid laistigh dár n-eagraíocht féin. Deimhníodh go raibh roinnt beartas i bhfeidhm cheana féin chun dul i ngleic le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun solais. Mar chuid den athbhreithniú rialta a dhéanann sé ar a bheartais agus a nósanna imeachta, chinntigh ORCN i rith 2020 gur tugadh faoi gach athbhreithniú beartais agus breithniú iomlán á dhéanamh ar an ngá atá le comhionannas deiseanna agus caithimh, agus cosaint chearta daonna na foirne agus na bpáirtithe leasmhara araon a chur chun cinn.

### Nochtadh Cosanta

I gcomhréir le hAlt 214 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, bhunaigh ORCN nósanna imeachta agus coimeádann sí iad chun nochtadh cosanta a dhéanamh maidir le ORCN agus a obair agus chun déileáil leis an nochtadh sin. Cé go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm riamh anall ag ORCN chun nochtadh cosanta a dhéanamh, chuir an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leis an liosta Daoine Forordaithe go foirmiúil an 24 Meán Fómhair 2020.

Ní bhfuair Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020.

## 1.10.4 | Acmhainní agus Soláthar Foirne

### Cistiú

Tá oibríochtaí an Rialálaí cistithe ag tobhach a ghearrtar ar an Oibreoir i gcomhréir le hAlt 24 den Acht. Socraíodh an tobhach don bhliain 2015, an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí, sa Cheadúnas ag €1,500,000. Ina dhiaidh sin, déantar é a innéacsú gach bliain ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.

Ba é an tobhach don bhliain 2020 €1,521,900.

### Foireann

Tá smachtbhanna ón Aire ag an Rialálaí do dheichniúr foirne (an Rialálaí san áireamh). Níorbh ann d'aon fholúntais amhail an 31 Nollaig 2020.

## 1.10.5 | Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh agus cuireadh cuntais bhliantúla an Rialálaí don bhliain 2020 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas lena n-iniúchadh. Rinneadh na cuntais seo a iniúchadh agus leagtar amach iad i Mír 2 den cháipéis seo. Mhaoirsigh an Rialálaí próiseas na ráiteas airgeadais bliantúil agus saincheisteanna beartais chuntasaíochta, bainistíochta riosca, rialaithe inmheánaigh agus luacha ar airgead.

## 1.10.6 Iniúchóireacht Inmheánach

Chomhaontaigh an Rialálaí le clár iniúchtaí inmheánacha a rinne iniúchóirí ceaptha inmheánacha ORCN in 2020 agus cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Rialálaí. Chuathas i ngleic in iniúchtaí inmheánacha le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta agus le hOifig an Rialálaí araon agus áiríodh leo measúnú ar rialuithe airgeadais agus inmheánacha eile; measúnú ar rialuithe maidir le hidirbhearta bainc; agus athbhreithniú ar an tionchar a imríonn COVID-19 ar rialuithe inmheánacha, i.e., an tionchar a imrítear ar thimpeallacht rialaithe ORCN i dtaobh cháipéis 'Léargas Iniúchóireachta' an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a scaipeadh i nDeireadh Fómhair 2020.

## 1.10.7 Bainistíocht Riosca

Tá ORCN nochta do réimse rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais i dtabhairt faoina ról agus feidhmeanna. D'fhéadfadh na rioscaí seo teacht chun cinn ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha agus d'fhéadfaidís cosc a chur ar nó difear a dhéanamh do chumas ORCN chun a chuspóirí a bhaint amach. Ar aon dul le dea-chleachtas, tá beartas bainistíochta riosca agus ráiteas inghlacthachta riosca ag ORCN chun na rioscaí atá roimhe a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

Tá Coiste Riosca curtha ar bun; is é an ról atá aige ná comhairle a chur ar an Rialálaí ar chúrsaí riosca ag cinntiú go bhfuil córais leordhóthanach i bhfeidhm. Déanann an Coiste Riosca monatóireacht ar Chlár Rioscaí Corparáideach ar bhonn leanúnach agus nuashonraíonn sé é. Déanann an Coiste athbhreithniú ar an gClár Rioscaí go bliantúil. Ina theannta sin, déantar dhá athbhreithniú bhreise ar rioscaí arda, rioscaí nua agus rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí dhá uair sa bhliain. Leanadh leis an bpróiseas athbhreithnithe seo in 2020 trí chruinnithe cianda an Choiste. Rinneadh breithniú ar thionchar na paindéime agus ar na hathruithe riachtanacha ar roinnt rialuithe inmheánacha fad a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar rioscaí i rith 2020. Ba dheas leis an gCoiste a thabhairt le fios ag deireadh na bliana nár tháinig méadú ar aon scóir iarmharacha, agus gur tháinig laghdú, mar a tharla, ar roinnt díobh.

# 1.10.8 Ceanglais Reachtaíochta

## Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an Rialálaí reachtaíocht na dTeangacha Oifigiula.

## Saoráil Faisnéise

Tháinig an Rialálaí faoi scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Aibreán 2015. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag ORCN atá cothrom le dáta leis an reachtaíocht reatha a rialaíonn iarratas um Shaoráil Faisnéise. I gcomhlíonadh Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh ORCN scéim foilsithe le haird ar phrionsabail na hoscailte, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Fuair ORCN seacht n-iarraidh um shaoráil faisnéise le linn 2020. Ní dhearnadh aon chinntí a achomharc le hOifig an Choimisinéara Faisnéise agus iarradh ar athbhreithniú inmheánach amháin. Foilsítear sonraí faoi iarrataí neamhphearsanta sa Logleabhar Nochta um Shaoráil Faisnéise, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Rialálaí.

## Ídiú Fuinnimh

Tá oifig amháin ag ORCN atá suite in Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1. Tá an oifig suite ar chuid d'urlár amháin i bhfoirgneamh oifige iláitithe. Níl an t-achar urláir atá léasaithe níos mó ná 1,000 méadar cearnach ina bhfuil Deimhniú Fuinneamh Taispeána ag teastáil.

Tuairiscíonn an Rialálaí ar fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Fuinnimh agus Éifeachtúlacht ar Úsáid Deiridh Fuinnimh), 2009.

In 2020, d'úsáid ORCN 22.1 MWh d'fhuinneamh ina raibh an méid seo a leanas:

- 7.57 MWh de leictreachas.
- 14.54 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh).

# Aguisín A:
# Caighdeáin Feidhmíochta PLI

| An bhliain go dtí an 31 Nol 2020 | Caighdeán | Feidhmíocht a Baineadh Amach | Tuar don Bhliain 2021 |
|---|---|---|---|
| **Ríomhchórais** | | | |
| Teirminéal ar fáil chun ticéid a dhíol* | 99.00% | 99.93% | 99.50% |
| Fáil ar chóras cluichíochta | 99.00% | 100% | 99.50% |
| Fáil ar an láithreán gréasáin | 99.00% | 99.98% | 99.50% |
| * Idir 7am agus 10pm, gan sos tarraingthe a áireamh, 7 lá sa tseachtain, gan Lá Nollag agus éaradh réamhshocraithe a áireamh | | | |
| **Íocaíocht Duaiseanna** | | | |
| Éilimh níos mó ná €1000 íoctha le seic tar éis cuairt a thabhairt ar Cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta | 95.00% laistigh de 3 huaire an chloig | 100% | 98.00% |
| | 5.00% laistigh de 20 lá oibre | 100% | 100% |
| Éilimh níos mó ná €1000 íoctha le seic tar éis éileamh poist | 95.00% laistigh de 5 lá | 99.18% | 98.00% |
| | 5.00% laistigh de 20 lá oibre | 100% | 100% |
| **Seirbhísí Imreora – Teagmháil Ghutha** | | | |
| Fáil ar an tseirbhís* | 99.00% | 92.00%** | 99.00% |
| Glaonna freagartha laistigh de 30 soicind | 70.00% | 65.80%** | 90.00% |
| * Idir 8am agus 8pm, gan sos tarraingthe a áireamh, 7 lá sa tseachtain, gan Lá Nollag agus éaradh réamhshocraithe a áireamh | | | |
| **Seirbhísí Imreora – Teagmháil Scríofa** | | | |
| Fáil ar an tseirbhís* | 99.00% | 100% | 100% |
| Litreacha freagartha laistigh de 5 lá oibre | 80.00% | 91.00% | 80.00% |
| Ríomhphoist freagartha laistigh de 2 lá oibre | 80.00% | 90.00% | 95.00% |
| Freagairtí tugtha ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre | 95.00% | 94.25%** | 95.00% |
| Gearáin agus fiosrúcháin réitithe ar an gcéad iarracht | 80.00% | 39.00%** | Á Athbhreithniú |

* Idir 9:15am agus 5:30pm, ó Luan go hAoine, gan Oíche Nollag agus saoirí poiblí a áireamh
** Féach leathanach 11, le do thoil, chun teacht ar eolas

# Aguisín B:
# Tuarascálacha Rialta a fuarthas ó PLI

| Tuarascáil | Frequency |
|---|---|
| Tuarascáil Bhliantúil ar Chúiseanna Maithe agus Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha air sin | Bliantúil |
| Cuntais Iniúchta PLI | Bliantúil |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ar Rialuithe Inmheánacha PLI | Gach Bliain |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ar Pháirtithe Gaolmhara PLI | Gach Bliain |
| Tuarascáil ar Chaighdeáin Feidhmíochta Bliantúla | Gach Bliain |
| Plean Bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí | Gach Bliain |
| Buiséad Bliantúil Bonnmhargaíochta | Gach Bliain |
| Tuarascáil ar Ghníomhaíocht Bhliantúil | Bliantúil |
| Tuarascáil ar Mhargaíocht Incriminteach | Bliantúil |
| Tuarascáil an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála ar éifeachtacht Chóras Rialuithe Inmheánacha PLI | Bliantúil |
| Litir rannpháirtíochta leis an Iniúchóir Seachtrach | Bliantúil |
| Cláir Rioscaí (Corparáideach agus TF) | Bliantúil |
| Deimhniú Bliantúil Cuntais Bhainc | Gach Bliain |
| Tuarascálacha Deiridh ar Chluichí Scríobchárta | Ag Deireadh an Chluiche |
| Cuntais Bhainistíochta Mhíosúla | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Limistéir Shlána | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Logleabhar Míosúil Teagmhais TF | Gach Mí |
| Luas Íocaíochtaí Duaise | Gach Mí |
| Nuashonruithe ar Chur Síos | Gach Mí |
| Athruithe ar Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Sinsearacha | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Ghearáin | Gach Mí |
| Tuarascáil Mhéadrachta an Ionaid Teagmhála | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Dhuaiseanna Neamhéilithe | Tréimhsiúil |
| Tuarascáil ar Chúiseanna Maithe | Ráithiúil |
| Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí | Ráithiúil |
| Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála | Ráithiúil |
| Tuarascálacha ar Chosaint Imreoirí | Ráithiúil |
| Nuashonrú ar Ghearáin | Gach Seachtain |
| Nuashonrú Trádála agus TF | Gach Seachtain |
| Socraíochtaí Seachtainiúla | Gach Seachtain |
| Tuarascáil ar Dhuaiseanna Seó Cluiche Teilifíse | Gach Seachtain |

# Aguisín C:
# Iarrataí ar Fhaomhadh nó Toiliú faoin gCeadúnas

| Dáta | Alt an Fhaofa a Theastaíonn | Eolas ar an gCluiche/an tSeirbhís | Bainteach le Cluiche | Leasaithe/ Breis Fais. Iorgtha | Stádas an 31 Nollaig 2020 | | | | Dáta an Chinnidh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ar siúl | Iarratas Aistarraingthe | Faofa ar Deireadh | Diúltaithe ar Deireadh | |
| 17/01/2020 | Alt 45 | Leasuithe ar Sceideal ar an Aer Winning Streak | Tá | Níl | | | Faofa | | 20/01/2020 |
| 28/01/2020 | Alt 45 | Leasaithe ar Rialacha Chluiche Topaz EuroMillions | Tá | Níl | | | Faofa | | 29/01/2020 |
| 31/01/2020 | Alt 45 | CBL Honey Pot | Tá | Tá | | | Faofa | | 11/03/2020 |
| 05/02/2020 | Alt 45 | 245 All Cash Spectacular | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/03/2020 |
| 05/02/2020 | Clásal 18.3 | Conradh - GB Group PLC | Níl | Tá | | | Faofa | | 23/03/2020 |
| 10/02/2020 | Alt 45 | 241 All Cash | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/03/2020 |
| 12/02/2020 | Alt 45 | 246 All Cash Extravaganza | Tá | Tá | | | Faofa | | 18/03/2020 |
| 13/02/2020 | Alt 45 | 244 All Cash Platinum | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/03/2020 |
| 18/02/2020 | Alt 45 | 242 All Cash Gold | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/03/2020 |
| 18/02/2020 | Alt 45 | 243 All Cash Tripler | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/03/2020 |
| 20/02/2020 | Clásal 18.3 | Conradh - Fógraíocht Sseirbhísí Cruthaitheacha | Níl | Tá | | | Faofa | | 20/03/2020 |
| 25/02/2020 | Alt 45 | CBL Grid Blaster | Tá | Tá | | | Faofa | | 16/10/2020 |
| 27/02/2020 | Clásal 7.12 agus Clásal 9.8 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Níl | | Aistarraingthe | | | 23/03/2020 |
| 10/03/2020 | Alt 45 | Leasuithe ar Lucky 7S | Tá | Níl | | | Faofa | | 20/03/2020 |
| 13/03/2020 | Alt 45 | CBL Bingoing Wild | Tá | Tá | | | Faofa | | 15/10/2020 |
| 19/03/2020 | Alt 45 | Leasuithe ar Winning Streak 232 | Tá | Níl | | | Faofa | | 20/03/2020 |
| 27/03/2020 | Alt 45 | Síneadh le Dátaí Deiridh Chluiche All Cash | Tá | Níl | | | Faofa | | 31/03/2020 |
| 27/03/2020 | Alt 45 | Síneadh le Dátaí Deiridh Scríobchárta | Tá | Níl | | | Faofa | | 31/03/2020 |
| 01/04/2020 | Alt 45 | Síneadh Cluichí Crannchurbhunaithe | Tá | Níl | | | Faofa | | 07/04/2020 |
| 01/04/2020 | Clásal 13.6, Clásal 13.7 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Tá | | Aistarraingthe | | | 30/04/2020 |
| 03/04/2020 | Clásal 18.3 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Tá | | Aistarraingthe | | | 07/05/2020 |
| 08/04/2020 | Alt 45 | Winning Streak 251 | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/06/2020 |
| 16/04/2020 | Alt 45 | CBL Cash Showdown | Tá | Tá | | | Faofa | | 15/10/2020 |
| 17/04/2020 | Alt 45 | Find a 500 | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/07/2020 |
| 23/04/2020 | Clásal 16.5 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Tá | | Aistarraingthe | | | 05/06/2020 |
| 23/04/2020 | Alt 45 | Mega 777 Multiplier | Tá | Tá | | | Faofa | | 14/10/2020 |

Bainteach le cluiche

| Dáta | Alt an Fhaofa a Theastaíonn | Eolas ar an gCluiche/an tSeirbhís | Bainteach le Cluiche | Leasaithe/ Breis Fais. Iorgtha | Stádas an 31 Nollaig 2020 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ar siúl | Iarratas Aistarraingthe | Faofa ar Deireadh | Diúltaithe ar Deireadh | Dáta an Chinnidh |
| 29/04/2020 | Alt 45 | Hampers and Cash 252 | Tá | Tá | | | Faofa | | 17/06/2020 |
| 29/04/2020 | Alt 45 | Merry Money 253 | Tá | Tá | | | Faofa | | 17/06/2020 |
| 29/04/2020 | Alt 45 | Christmas Countdown 254 | Tá | Tá | | | Faofa | | 17/06/2020 |
| 01/05/2020 | Clásal 9.8 | Clásal 9.8 Fógra teilifíse Thairbhithe Cúiseanna Maithe | Níl | Tá | | | Faofa | | 08/05/2020 |
| 06/05/2020 | Alt 45 | Próiseas Éilimh | Níl | Tá | | | Faofa | | 02/06/2020 |
| 22/05/2020 | Clásal 18.3 | 18.3 Contract Logicalis Solutions Limited | Níl | Tá | | | Faofa | | 16/06/2020 |
| 25/05/2020 | Alt 45 | Lucky Sevens 240 | Tá | Tá | | | Faofa | | 25/06/2020 |
| 02/06/2020 | Alt 45 | All Cash Spectacular 259 | Tá | Tá | | | Faofa | | 30/06/2020 |
| 03/06/2020 | Clásal 18.3 | 18.3 Contract BT Communications | Níl | Tá | | | Faofa | | 06/07/2020 |
| 18/06/2020 | Alt 45 | Gold Fever IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 22/10/2020 |
| 19/06/2020 | Alt 45 | All Cash Platinum 258 | Tá | Tá | | | Faofa | | 10/07/2020 |
| 23/06/2020 | Alt 45 | Christmas Millionaire Raffle 2020 | Tá | Tá | | | Faofa | | 02/10/2020 |
| 30/06/2020 | Clásal 9.8 | Meáin Shóisialta Íoctha do Chúiseanna Maithe | Níl | Tá | | | Faofa | | 28/07/2020 |
| 01/07/2020 | Clásal 18.3 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Tá | Ar siúl | | | | |
| 14/07/2020 | Clásal 13.6 agus Clásal 13.7 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Tá | | Aistarraingthe | | | 07/08/2020 |
| 22/07/2020 | Alt 45 | Síneadh an Phróisis Éilimh | Níl | Tá | | | Faofa | | 31/07/2020 |
| 20/07/2020 | Alt 45 | Money Multiplier 248 | Tá | Níl | | | Faofa | | 17/08/2020 |
| 31/07/2020 | Alt 45 | Mega Money Multiplier 249 | Tá | Tá | | | Faofa | | 21/10/2020 |
| 31/07/2020 | Clásal 9.8 | Feasacht ar Chúiseanna Maithe | Níl | Tá | | | Faofa | | 17/08/2020 |
| 28/07/2020 | Alt 45 | All Cash Gold - Game 256 | Tá | Níl | | | Faofa | | 09/09/2020 |
| 03/09/2020 | Alt 45 | Cárta Creidmheasa - Modh Íocaíochta a Bhaint | Níl | Tá | | | Faofa | | 30/09/2020 |
| 09/09/2020 | Alt 45 | All Cash Spectacular - Clásal 1.1.6 | Tá | Tá | | | Faofa | | 29/10/2020 |
| 10/09/2020 | Alt 45 | Cluichí Comharba | Tá | Tá | | | Faofa | | 25/09/2020 |
| 21/09/2020 | Clásal 16.5 | Capita | Níl | Tá | | | Faofa | | 07/12/2020 |
| 12/10/2020 | Alt 45 | Lucky 3s - Cluiche 266 | Tá | Tá | | | Faofa | | 23/11/2020 |
| 21/10/2020 | Clásal 9.8 | Gradam Cúiseanna Maithe - na Meáin Shóisialta | Níl | Tá | | | Faofa | | 18/11/2020 |
| 02/11/2020 | Alt 45 | Síneadh ar CBTanna 2020 | Tá | Tá | | | Faofa | | 21/12/2020 |
| 27/11/2020 | Alt 45 | Leasú ar Rialacha 239 Bingo Multipler | Tá | Níl | | | Faofa | | 15/12/2020 |
| 02/12/2020 | Clásal 9.8 | Tairbhithe Cúiseanna Maithe a Shainaithint | Níl | Tá | | | Faofa | | 23/12/2021 |
| 03/12/2020 | Clásal 7.11 | Trádmharc Lidl | Níl | Níl | | | Faofa | | 03/02/2020 |
| 04/12/2020 | Clásal 7.11 | Trádmharc Spar | Níl | Níl | | | Faofa | | 04/12/2020 |
| 11/12/2020 | Alt 45 | Leasú ar an bPróiseas Éilimh | Níl | Tá | | | Faofa | | 02/02/2021 |
| 11/12/2020 | Clásal 9.8 | Íogair ó thaobh Tráchtála | Níl | Níl | | Aistarraingthe | | | 04/01/2021 |

Bainteach le cluiche

# 2

# Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
# **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 40 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 43 |
| An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 46 |
| Ráitis Airgeadais | 51 |

# Eolas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** | Carol Boate |
| **Seoladh** | Bloc D<br>Ionad Irish Life<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 W2H4 |
| **Baincéirí** | Bainc-Aontas Éireann CTP<br>40/41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 VY45<br><br>Banc na hÉireann<br>6 Sráid Uí Chonaill Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 X324 |
| **Aturnaetha** | Mason Hayes & Curran<br>Teach an Bhruaigh Theas<br>Sráid na Bearú<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 TR29<br><br>Fieldfisher<br>Foirgneamh Chéipil<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07 N4C6 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |

# An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta ina measc.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### *Béim na ceiste - dliteanais phinsin*

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a bheachtú, tugaim Nóta 9 Soláthar Pinsin ar aird, agus ar shócmhainn €401,000 a aithníodh amhail an 31 Nollaig 2020 maidir le cistiú pinsin iarchurtha.

Baill de dhá scéim pinsin é foireann an Rialálaí: Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí don fhoireann a earcaíodh ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh; nó scéim riaracháin ina léirítear coinníollacha caighdeánacha scéim íoc mar a thuillir 'na samhla' a ndearnadh soláthar dó roimhe seo in go leor comhlachtaí poiblí. Cuireadh an scéim pinsin 'samhla' faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena faomhadh in 2015.

Aithnítear sna ráitis airgeadais dliteanais a meastar gurb ionann iad agus €401,000 maidir le seirbhís a sholáthair baill foirne roimhe seo ar baill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair iad. Léirítear san aitheantas a thugtar do shócmhainn chistithe pinsin iarchurtha de mhéid comhionann an fhoráil reachtúil a bhaineann le cistiú na scéime sin.

Níor aithníodh dliteanais a fabhraíodh go dtí an 31 Nollaig 2020 maidir le seirbhís foirne faoin scéim pinsin 'samhla' sna ráitis airgeadais iniúchta, ar feitheamh fhaomhadh na scéime. Ní nochtar sna ráitis airgeadais iniúchta na dliteanais faoin scéim seo ach trí nóta.

# Tuarascáil an ARCC (ar leanúint)

## Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

## *Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile*

Chuir Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar rialú inmheánach, an ráiteas rialachais agus an ráiteas ar fhreagrachtaí. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.



**Colette Drinan**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**An 31 Lúnasa 2021**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus sa ráiteas ar fhreagrachtaí, tá an Rialálaí freagrach as an méid seo a leanas:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a chur i bhfeidhm a dheimhníonn an Rialálaí is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na CIIanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIIanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim tátal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, i measc ceisteanna eile, maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithním i rith m'iniúchta.

### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIIanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

### Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú maidir le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Bunaítear Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 mar sealbhóir oifige aonair. Déantar an Oifig a bhunú gan Bhord faoi reacht.

Bhunaigh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear liomsa.

D'fhorbair Oifig an Rialálaí beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Rialálaí athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár trí huaire sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagrachtaí as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú.Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht ar bhealach tráthúil.Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith an bhuiséid/na dtuartha.

## Rialuithe agus Srianta COVID-19

Mar thoradh ar shrianta taistil a chuir an Rialtas i bhfeidhm chun dul i ngleic le COVID-19 ó Mhárta 2020 ar aghaidh, ba ghá modh oibre Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a oiriúnú.D'eascair athrú as seo ó chóras taifid pháipéir a bhí bunaithe go hiomlán in oifig go dtí córas taifead go hiomlán cianda bogchóipe d'oibriú.

Chuaigh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta i ngleic leis an timpeallacht rialaithe lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach do na socruithe oibre oiriúnaithe.Déantar seo anuas ar an ngnáthmhonatóireacht agus ar an ngnáthathbhreithniú a dhéantar ar rialuithe.Baineadh seo amach trí bhainistíocht ghníomhach ar an timpeallacht rialaithe, an méid seo a leanas ina measc:

- Bainistíocht oibríochtúil — rinne an Rialálaí breithniú agus nuashonrú gníomhach ar na rialuithe ábhartha go gníomhach ar bhealach tráthúil i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta, faoi mar ba ghá;
- Saincheisteanna oibríochtúla — rinne an Rialálaí monatóireacht ar rialuithe lena chinntiú go bhfuil údaruithe cuí i bhfeidhm, go dtiteann an réiteach agus an deimhniú cuí amach ar bhealach tráthúil, agus go leantar leis dualgais a leithdheighilt go cuí;
- An Coiste Airgeadais — rinne an Coiste Airgeadais monatóireacht ar oibriú rialuithe agus tagairt ar leith do na socruithe oibre nua cianda;
- An Coiste Riosca - rinne an Coiste Riosca breithniú ar leith agus, sa chás gur ghá, nuashonrú ar an gclár rioscaí lena chinntiú go dtéitear i ngleic ann le rioscaí a bhaineann le socruithe oibre cianda;

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- Iniúchóireacht Inmheánach — Rinne Iniúchóireacht Inmheánach measúnú sonrach ar éifeachtacht na rialuithe sa timpeallacht oibre cianda;
- Córais TF — rinne an Rialálaí monatóireacht ar éifeachtacht na rialuithe, i gcomhar le speisialtóirí seachfhoinsithe TF, go háirithe i dtaobh rochtana agus slándála;
- Cumarsáid Inmheánach — chinntigh an Rialálaí, trí chruinnithe rialta sceidealaithe cianda leis an bhfoireann go léir, go bhfuil feasacht agus díriú ar timpeallacht rialaithe láidir a chothú;
- Rialuithe fisiciúla — thug an Rialálaí rialuithe cuí fisiciúla isteach le leanúnachas a chinntiu agus feidhmeanna na hOifige á soláthar agus timpeallacht shábháilte oibre don fhoireann go léir á soláthar;
- Aschur a sholáthar — rinne an Rialálaí monatóireacht ar aschur a sholáthar ar fud na hOifige lena chinntiú go bhfuil feidhmeanna an Rialálaí á mbaint amach;
- Calaois — rinne an Rialálaí breithniú sonrach ar riosca calaoise agus chinntigh sé go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm chun na rioscaí siúd a mhaolú; agus
- Maoirseacht leanúnach — leanann an Rialálaí le monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar athruithe féideartha ar shocruithe oibre agus ar na tionchair a d'fhéadfadh aon chinn de na hathruithe siú a imirt ar na rialuithe riachtanacha.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíonadh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na nósanna imeachta siúd i rith 2020.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur tugadh faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain 2020 agus gur tugadh chun críche é faoin 31 Márta 2021.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

## Rialachas

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 ("an tAcht").Leagtar amach feidhmeanna an Rialálaí in Alt 9 den Acht.Beidh an Rialálaí, faoi réir an Achta, neamhspleách i bhfeidhmiú a feidhmeanna. Tá an Rialálaí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé/sí faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó go léir.Tá an Rialálaí freagrach don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Rialálaí agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.Caithfidh an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach fhairsing a thugann an Rialálaí a leanúint.Caithfidh an Rialálaí a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an bhfoireann bhainistíochta sinsearaí ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos.

## Freagrachtaí an Rialálaí

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Rialálaí san Acht. Ceanglaítear in Alt 22 den Acht ar an Rialálaí chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta de bheith ag oibriú; agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Rialálaí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, seasamh airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais siúd a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus leis na ráitis airgeadais seo agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur faoi bhráid an Aire, anuas ar thuarascáil leis an Rialálaí maidir le tabhairt faoina feidhmeanna.

Tá an Rialálaí freagrach as eolas corparáideach agus airgeadais a choimeád ar láithreán gréasáin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá an Rialálaí freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh.

Tá an Rialálaí freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Measann an Rialálaí go dtugtar i ráitis airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an 31 Nollaig 2020.

Bhunaigh an Rialálaí an dá Choiste seo a leanas:

1. **Coiste Airgeadais**: Tá an Leas-Rialálaí/Ceann Iniúchóireachta agus Airgeadais, an Cuntasóir agus an Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha sa Choiste seo ar a bhfreastalaíonn sainchomhairleoir seachtrach agus a bhfuil ceart freastail ag an Rialálaí.Is é ról an Choiste Airgeadais chun ceisteanna a chur in iúl don bhainistíocht shinsearach a bhaineann le hairgeadas, cuntasaíocht, tuairisceáin airgeadais tríú páirtí agus déileálacha na hOifige le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. Thionóil an Coiste Airgeadais sé chruinniú in 2020.
2. **An Coiste Riosca**: Tá an fhoireann bhainistíochta sinsearaí (seisear comhaltaí) sa Choiste seo.Is é ról an Choiste Riosca chun tacú leis an Rialálaí maidir lena freagrachtaí as saincheisteanna riosca agus rialaithe.Thionóil an Coiste Riosca dhá chruinniú in 2020 go cianda.Bhí chéad chruinniú sceidealaithe an Choiste Riosca don bhliain 2020 le bheith ar siúl go déanach i Márta 2020, ach cuireadh athbhreithniú cianda a rinne an Coiste Riosca agus nuashonrú ar rioscaí, faoi mar is gá, ina ionad mar gheall ar shrianta Covid-19.Deimhníodh an cur chuige was seo ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Riosca.

## Nochtadh a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh.

### Sochair Fostaí Chomhiomlána

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 652,132 | 599,038 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 134,143 | 126,721 |
| Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach | 67,510 | 62,027 |
| | **853,785** | **787,786** |

Ba é an líon iomlán foirne a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) ag deireadh na bliana 9 (2019: 9).

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

## Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

Baineann na sochair ghearrthéarmacha foirne go léir le bunphá.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | **652,132** | **599,038** |

## Sochair Foirceanta

Níor tháinig aon sochair foirceanta chun solais sa bhliain.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

***Réimse na Sochar Iomlán Fostaithe (gan costais pinsin fostóra a áireamh)***

| Ó | | Go dtí | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| € | | € | 2020 | 2019 |
| 60,000 | - | 69,999 | - | - |
| 70,000 | - | 79,999 | - | 1 |
| 80,000 | - | 89,999 | 3 | 2 |
| 90,000 | - | 99,999 | - | 1 |
| 100,000 | - | 109,999 | 1 | - |
| 110,000 | - | 119,999 | 1 | 1 |

## An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ná an Rialálaí agus cúigear bainisteoirí sinsearacha.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 524,719 | 500,210 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 113,902 | 109,063 |
| | **638,621** | **609,273** |

Baill de scéim pinsin Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta iad an príomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin seirbhíse samhla na hearnála poiblí.

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

## Tuarastal agus Sochair an Rialálaí

Seo a leanas pacáiste luach saothair an Rialálaí don tréimhse airgeadais:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 115,209 | 111,040 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 34,563 | 33,312 |
| | **149,772** | **144,352** |

Ball é an Rialálaí de scéim pinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, agus ní sháraíonn a teidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin samhla na hearnála poiblí.

## Costais sainchomhairleoireachta

Áirítear le táillí gairmiúla sna ráitis airgeadais costais sainchomhairleoireachta €154,645 (2019: €109,457), arb ionann iad agus costas na comhairle seachtraí a chuirtear ar an Rialálaí agus ní áirítear feidhmeanna "gnó mar is gnách" a seachfhoinsíodh leo.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 55,707 | 32,849 |
| Comhairle cánach agus airgeadais | 3,964 | 3,984 |
| TF agus Eile | 61,955 | 32,052 |
| | **121,626** | **68,885** |

Baineann na suimeanna go léir a nochtar mar sheirbhísí dlí maidir le táillí dlí.

## Taisteal agus Cothabháil

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | 4 | 60 |
| Idirnáisiúnta | - | 1,202 |
| | **4** | **1,262** |

Íocadh a náid (2019: €499) den mhéid thuas maidir leis an Rialálaí.Níor íocadh aon chostais eile leis an Rialálaí.

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

### Caiteachas ar Fháilteachas

Íocadh a náid (2019: €400) maidir le fáilteachas foirne.

## Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, seachas sna cásanna seo a leanas:

- Sealbhóir oifige aonair atá i struchtúr Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Baineadh comhlíonadh na gcodanna siúd den Chód amach a dhéileálann le Boird, struchtúir Bhoird agus Cathaoirligh tríd an gCód Cleachtais chun Rialachas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a leasú chun sealbhóir oifige aonair a aithint.
- Comhlíonadh riachtanais an Chomhaontaithe Maoirseachta agus an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta trí chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Chomhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Carol Boate

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ioncam | 3 | 1,521,900 | 1,508,600 |
| Costais riaracháin | 4 | (1,263,998) | (1,171,109) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 257,912 | 337,491 |
| Ús (iníoctha) / infhaighte | | (89) | 853 |
| **Barrachas don bhliain** | | **257,823** | **338,344** |
| **Tuilleamh coimeádta ag tús na bliana** | | **2,585,571** | **2,247,227** |
| **Tuilleamh coimeádta ag deireadh na bliana** | | **2,843,394** | **2,585,571** |

*Tá Nótaí 1-12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig2020 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Barrachas don bhliain** | | **257,823** | **338,344** |
| (Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 9(b) | (37,000) | 18,000 |
| Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha oibleagáidí sochair scoir | | 54.000 | (38,000) |
| **Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | | 17,000 | (20,000) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochair scoir | | (17,000) | 20,000 |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach eile don bhliain** | | **257,823** | **338,344** |

*Tá Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 6 | 49,835 | 51,325 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 7 | 130,549 | 125,123 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 2,891,601 | 2,912,167 |
| | | 3,022,150 | 3,037,290 |
| **Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 8 | (228,591) | (503,044) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 2,793,559 | 2,534,246 |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 9(b) | (401,000) | (287,000) |
| Sócmhainn chistithe iarchurtha sochair scoir | 9(c) | 401,000 | 287,000 |
| **Glansócmhainní** | | **2,843,394** | **2,585,571** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Tuilleamh carntha coimeádta | 10 | **2,843,394** | **2,585,571** |

*Tá Nótaí 1-12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

# An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 257,912 | 337,491 |
| Dímheas | 6 | 17,461 | 4,776 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | | (5,426) | (7,364) |
| Méadú / (laghdú) ar chreidiúnaithe | | (274,453) | (50,574) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | (4,506) | 284,329 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | 6 | (15,971) | (33,090) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús (íoctha) / faighte | | (89) | 853 |
| **Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **(20,566)** | **252,092** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais** | | **2,912,167** | **2,660,075** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais** | | **2,891,601** | **2,912,167** |

*Tá Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.*

Carol Boate

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

# Notaí

## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1 | Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i gcaitheamh na bliana agus an tréimhse roimhe sin.

### (a) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhlíonadh an an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102, an chaighdeáin um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("FRS 102") d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### (b) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar an mbonn fabhruithe i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### (c) Ioncam ó Thobhaigh

Is ionann ioncam ó thobhaigh agus an tsuim atá le fáil faoin gceadúnas ag an Rialálaí ó oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir leis an mbliain.

### (d) Caiteachas a Aithint

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi mar a thaibhítear é.

### (e) Maoin, gléasra agus trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, chun costas sócmhainní a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, faoin modh líne dírí, ar an ráta bliantúil 25% le haghaidh feabhsúcháin léasachta, 331/3% le haghaidh trealamh ríomhaire agus córas gutháin, agus 20% do gach sócmhainn eile ó dháta na fála ar aghaidh.

### (f) Airgeadraí Eachtracha

Cuirtear na Ráitis Airgeadais i láthair in Euro (€).

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a iompú ina euro i rith na bliana agus cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Déantar sócmhainní airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a iompú ina euro ar na rátaí malairte a bhíonn i gceist ag dáta an chláir chomhordaithe agus cuimsítear na gnóthachain agus na caillteanais iarmhartacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1 | Beartais chuntasaíochta (ar leanúint)

### (g) Sochair fostaí

**Sochair ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na gCreidiúnaithe agus na bhfabhruithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**Sochair scoir**

Foráiltear san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 20 gur féidir leis an Rialálaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coinníollacha seirbhíse na foirne a dheimhniú.

Tá socruithe pinsin á mbunú ag an Rialálaí faoi láthair maidir le gach fostaí i gcomhar leis an Roinn agus tá na hasbhaintí riachtanacha á ndéanamh aici ó thuarastail, atá á n-aistriú chuig an Státchiste i riaráistí míosúla, faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn.

Tá soláthar á dhéanamh ar an Rialálaí do ranníocaíochtaí fostóra ar ráta 30% i dtaobh na Scéime Neamh-Aonair (ranníocaíocht neamhphearsanta phinsin), 25% don Scéim Neamh-Aonair (ranníocaíocht phearsanta phinsin) agus ar ráta trí huaire na ranníocaíochtaí fostaí do bhaill den Scéim Aonair.

Mar údarás ábhartha forordaithe, déantar foráil, chun críocha an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, do na dliteanais phinsin maidir le baill na Scéime Aonair, sa mhullach ar shócmhainn chomhionann a aithint chun dliteanas ó fhoinsí Státchiste a chistiú.

Faoi réir na socruithe a thabhairt chun críche leis an Roinn, cuireann an Rialálaí ranníocaíochtaí fostóra i gcuntas mar chostais maidir le baill den Scéim Neamh-Aonair agus ní aithníonn sé dliteanas do chostais phinsin amach anseo le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair. Cuirtear nochtadh an dliteanais achtúirigh le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair san áireamh i Nóta 9.

Féach Nóta 9 chun teacht ar bhreis sonraí.

### (h) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana.D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasaí ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Rinne an Rialálaí athbhreithniú ar shaolréanna ionchais agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus baineadh an tátal as go bhfuil na saolréanna ionchais agus na luachanna iarmharacha cuí.

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1 | Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

**Sochair scoir**

Faoi réir chinneadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinne an Rialálaí an cinneadh gan dliteanais phinsin a aithint maidir le baill den Scéim Neamh-Aonair. Má fhaightear deimhniú foirmiúil i dtaobh chistiú na ndliteanas siúd nach mbaineann leis an Scéim Aonair ó fhoinsí Státchiste, cuirfidh an Rialálaí an dliteanas, agus sócmhainn chomhionann san áireamh le haghaidh dhliteanais phinsin na Scéime Neamh-Aonair.

Aithnítear dliteanais phinsin na scéimeanna aonair sna ráitis airgeadais agus úsáidtear toimhdí ar leith airgeadais faoi mar a leagtar amach i Nóta 9 i luacháil achtúireach ar na dliteanais siúd faoina dtugann achtúire cáilithe.

## 2 | Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a Bhunú

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, atá lonnaithe ag Bloc D, Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1, faoi Alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus tugtar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hOifige.Cuimsítear sonraí maidir le hoibríochtaí an Rialálaí agus a phríomhghníomhaíochtaí i dTuarascáil an Rialálaí i Mír 1.

## 3 | Ioncam

Déantar foráil in Alt 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 go n-íocann Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta tobhach bliantúil leis an Rialálaí.Is é méid an tobhaigh, faoi mar a shonraítear sa cheadúnas leis an oibreoir, €1,500,000 sa bhliain, faoi réir innéacsú leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.Don bhliain 2020, chuir an t-oibreoir an meán-Phraghasinnéacs Tomhaltóirí 0.9% i bhfeidhm do na 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2019, faoi mar a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an 16 Eanáir 2020.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó thobhach, don bhliain | 1,521,900 | 1,508,600 |

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 4 | Costais Riaracháin

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus costais foirne | 853,785 | 787,786 |
| Costais saothair sheachfhoinsithe | - | 24,343 |
| Táillí gairmiúla (Nóta 5) | 154,645 | 109,457 |
| Iniúchóireacht sheachtrach* | 15,600 | 14,200 |
| Iniúchóireacht inmheánach | 20,691 | 18,579 |
| Cíos, táillí seirbhíse agus cothabháil | 116,524 | 126,696 |
| Glanadh, téamh agus solas | 3,264 | 6,297 |
| Árachas | 21,892 | 20,476 |
| Taisteal agus cothú | 4 | 1,262 |
| Costais oiliúna agus ballraíocht | 8,494 | 14,017 |
| Soláthairtí agus trealamh oifige | 4,828 | 10,693 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 37,649 | 23,072 |
| Foilseacháin | 5,066 | 2,224 |
| Dímheas | 17,461 | 4,776 |
| Costais riaracháin eile | 4,085 | 7,231 |
| | **1,263,988** | **1,171,109** |

* Áirítear le hiniúchóireacht sheachtrach suim €6,250 (2019: €5,700) le haghaidh táillí iniúchta maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

## 5 | Táillí Gairmiúla

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 55,707 | 32,849 |
| Comhairle cánach agus airgeadais | 3,964 | 3,984 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 27,310 | 29,520 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 3,909 | 3,749 |
| TF agus Eile | 63,755 | 39,355 |
| | **154,645** | **109,457** |

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 6 | Maoin, gléasra agus trealamh

| | Feabhsúcháin Léasachta | Trealamh Ríomhaire | Feistiú Oifige, Troscán agus Trealamh | Córas Gutháin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| An 31 Nollaig 2019 | 48,839 | 31,162 | 6,856 | 4,182 | 91,039 |
| Breisiúcháin i rith na bliana | - | 15,971 | - | - | 15,971 |
| Diúscairtí i rith na bliana | - | (3,444) | - | - | (3,444) |
| An 31 Nollaig 2020 | 48,839 | 43,689 | 6,856 | 4,182 | 103,566 |
| **Dímheas** | | | | | |
| An 31 Nollaig 2019 | 671 | 29,516 | 5,345 | 4,182 | 39,714 |
| Muirear don bhliain | 12,210 | 4,189 | 1,062 | - | 17,461 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | (3,444) | - | - | (3,444) |
| An 31 Nollaig 2020 | 12,881 | 30,261 | 6,407 | 4,182 | 53,731 |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| An 31 Nollaig 2020 | 35,958 | 13,428 | 449 | - | 49,835 |
| An 31 Nollaig 2019 | 48,168 | 1,646 | 1,511 | - | 51,325 |

Tá feabhsúcháin léasachta €48,839 a rinneadh a chaipitliú in 2019 á ndímheas i rith ceithre bliana, arb é sin an tréimhse atá fós le héag faoin léas réadmhaoine go dtí Samhain 2023.

## 7 | Féichiúnaithe

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam fabhraithe | 79,193 | 99,758 |
| Réamhíocaíochtaí | 51,356 | 24,204 |
| Cártaí Taistil | - | 1,161 |
| | **130,549** | **125,123** |

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 8 | Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe trádála | 188,084 | 138,489 |
| Ranníocaíochtaí pinsin (Nóta 9) | 12,632 | 338,293 |
| ÍMAT/ÁSPC | 20,084 | 18,311 |
| Ranníocaíocht bhreise aoisliúntais | 1,859 | 2,294 |
| Dliteanas CCGI | 5,787 | 1,601 |
| Dliteanas CBL | 145 | 4,056 |
| | **228,591** | **503,044** |

## 9 | Soláthar pinsin

Cuireadh dréachtscéim pinsin le sochar sainithe d'Oifig an Rialálaí, bunaithe ar an Scéim Samhla Seirbhíse Poiblí, faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena faomhadh an 24 Samhain 2015 agus tá sé ag feitheamh le faomhadh.

Aistrítear na ranníocaíochtaí sa bhliain, ranníocaíochtaí fostóra 30% de phá inphinsin le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair (ranníocaíocht neamhphearsanta phinsin), 25% de phá inphinsin le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair (ranníocaíocht phearsanta phinsin), agus ar ráta trí huaire na ranníocaíochtaí fostaí do bhaill den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (i.e. baill den Scéim Aonair), chuig an Státchiste i riaráistí míosa, i ndiaidh dheireadh na bliana agus faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é méid na ranníocaíochtaí atá le haistriú chuig an Státchiste an 31 Nollaig 2020 €12,632.

### Baill den Scéim Neamh-Aonair

Maidir le baill den Scéim Neamh-Aonair, mhol an Rialálaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart go nglacfadh an Stát leis an dliteanas i dtaobh sochair scoir a íocadh faoin Scéim Neamh-Aonair mar chúiteamh ar ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí a íoc bunaithe ar chéatadán de thuarastail bhaill na scéimeanna.Tá an moladh bunaithe ar an bprionsabal go n-ainmnítear Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar eagraíocht fhaofa chun críocha alt Alt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963 (Uimh. 24 de 1963), (i.e. an líonra aistrithe) agus nach gcistítear an Oifig chun glacadh le sochair charntha bhall den Scéim Neamh-Aonair, agus nach bhfuil cistiú an Státchiste á fháil aici. Tá plé á dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus táthar ag leanúint leis sin maidir leis an moladh thuasluaite.

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 9 | Soláthar pinsin (ar leanúint)

Ar feitheamh go ndéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cinneadh maidir leis na sochar scoir cistithe pinsin a bheartaítear, is éard atá sna costais sochair scoir sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra sa bhliain. Ríomhtar ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra mar chéatadán de thuarastail ábhartha, agus méid €83,278 don bhliain.

Is é an dliteanas pinsin maidir leis na baill den Scéim Neamh-Aonair an 31 Nollaig 2020 €3,049,000.Ní léirítear an dliteanas pinsin do na baill seo den Scéim Neamh-Aonair sna ráitis airgeadais seo ar feitheamh chinneadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Baill den Scéim Aonair

Maidir le baill den Scéim Aonair, forordaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás ábhartha chun críche na Scéime Aonair 2019.Aistrítear ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### Toimhdí Achtúireacha

Tá an dliteanas le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair, faoi mar a nochtar thuas, agus an dliteanas do bhaill na Scéime Aonair, faoi mar a bhforáiltear dó sna ráitis airgeadais, bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe trí úsáid a bhaint as na toimhdí airgeadais thíos ar mhaithe le FRS 102.

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 0.80% | 1.40% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.00% | 3.00% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsean | 2.5% | 2.5% |
| Boilsciú | 1.5% | 1.5% |

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 9 | Pension Provision (Continued)

### (a) Foireann na scéime aonair

Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta maidir leis an bhfoireann ar baill iad den Scéim Aonair.

| Scéim Pinsin Aonair | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ranníocaíochtaí Fostóra Iomlána | 49,752 | 45,616 |
| Costais Seirbhíse Reatha* | 75,000 | 70,000 |
| Costais Úis | 5,000 | 7,000 |
| Coigeartuithe ar Chistiú Pinsin Iarchurtha an Státchiste | (80,000) | (77,000) |
| An t-iomlán a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 49,752 | 45,616 |

* Cuireadh ranníocaíochtaí fostaí san áireamh nuair a bhí an figiúr costais seirbhíse reatha á ríomh.

Rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bunaithe ar bhreithnithe achtúireacha agus de bhun alt 16(4) den Acht um Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an cinneadh:

- go n-íocfar ranníocaíocht fostóra i dtaca le baill áirithe de scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí, agus
- is ionann a bheidh ráta na ranníocaíochta Fostóra sin agus trí oiread na ranníocaíochta fostaí a íocann an ball den scéim aonair.

Caithfidh comhlachtaí seirbhíse poiblí ranníocaíochtaí fostóra a íoc atá “go hiomlán nó go príomha ó fhoinsí eile seachas go díreach nó go hindíreach as an Lár-Chiste”.Mar chomhlacht poiblí a sholáthraíonn a mhaoiniú féin, is ionann an tsuim €49,752 agus dliteanas Oifig an Rialálaí i dtaobh ranníocaíochtaí fostóra a íoc le scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.Íoctar na suimeanna seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i riaráistí míosúla.

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

#### (b) Gluaiseacht ar ghlanoibleagáidí sochair scoir na scéime aonair le linn na bliana airgeadais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas Pinsin an 1 Eanáir | 287,000 | 175,000 |
| Costais na Seirbhíse Reatha | 75,000 | 70,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | 17,000 | 15,000 |
| Costais Úis | 5,000 | 7,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | (37,000) | (18,000) |
| Athruithe ar thoimhdí | 54,000 | 38,000 |
| Glandliteanas Pinsin an 31 Nollaig | 401,000 | 287,000 |

#### (c) Cistiú Iarchurtha na Scéime Aonair do shochair scoir

Aithníonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo.Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir, forordú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás ábhartha chun críocha na Scéime Aonair agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

#### (d) Oibleagáidí le Sochar Sainithe na Scéime Aonair

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáidí le sochar sainithe | 401,000 | 287,000 |

# Notaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 10 | Tuilleamh Carntha Coimeádta

| | 2020 |
|---|---|
| | € |
| Ag tús na bliana | 2,585,571 |
| Barrachas don bhliain | 257,823 |
| Tuilleamh coimeádta ag deireadh na bliana | 2,843,394 |

## 11 | Ceangaltais Chaipitil

Níorbh ann d'aon cheangaltais do chaiteachas caipitiúil an 31 Nollaig 2020.

## 12 | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais an 30 Lúnasa 2021.

# 3

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 66 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 68 |
| An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 72 |
| Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí / Cuntas an Chúlchiste | 73 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 74 |

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

## An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

#### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a d'ullmhaigh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Tá sna ráitis airgeadais an cuntas fáltas agus íocaíochtaí, cuntas an chúlchiste agus nótaí gaolmhara.

I mo thuairim, léirítear sna ráitis airgeadais an méid seo a leanas i gceart:

- na híocaíochtaí isteach agus amach ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain 2020, agus
- iarmhéid an Chiste an 31 Nollaig 2020.

#### *Bunús na tuairime*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

#### *An tuarascáil ar an Ráiteas ar rialú inmheánach agus ar cheisteanna eile*

Sholáthair an Rialálaí ráiteas ar rialú inmheánach, anuas ar na ráitis airgeadais. Déantar cur síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

Séamus McCarthy

**Séamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**An 31 Lúnasa 2021**

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)

Leagtar amach freagrachtaí an Rialálaí maidir leis na ráitis airgeadais sa ráiteas ar rialachas agus sa ráiteas ar fhreagrachtaí. Is iad seo:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 44 den Acht um Crannchur Náisiúnta, 2013
- a chinntiú go léirítear sna ráitis airgeadais i gceart gnóthaí Chiste an Chrannchuir Náisiúnta ag deireadh na bliana agus idirbhearta sa bhliain
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- an rialú inmheánach sin a chur i bhfeidhm a dheimhníonn an Rialálaí is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 44 d'Acht 2013 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na CIIanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIIanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.

Déanaim cumarsáid leis an Rialálaí, i measc ceisteanna eile, maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

### An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an ráiteas ar rialú inmheánach a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIIanna chun an ráiteas ar rialú inmheánach a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ann neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

### Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), faoi mar a mbaineann sé le hOifig an Rialálaí agus le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 agus bainistíonn agus rialaíonn an Rialálaí é.

Bhunaigh Oifig an Rialálaí feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear liomsa, maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

D'fhorbair Oifig an Rialálaí beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta córas bainistíochta riosca i bhfeidhm maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár trí huaire sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagrachtaí as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú.Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- struchtúr eagraíochta ina bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe;
- teorainneacha údaraithe, leithdheighilt dualgas agus údaráis tharmligthe chun idirbhearta Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a fhaomhadh agus a phróiseáil;
- córas chun taifeadadh agus réiteach na n-idirbheart go léir a éascú agus chun rian iniúchta iomlán a sholáthar ar idirbhearta a próiseáladh;
- próisis chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: -
    - cineál, méid agus impleachtaí airgeadais an riosca a shainaithint atá roimh Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, an mhéid agus na catagóirí ina measc a mheasaim atá inghlactha;
    - measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtitfidh na rioscaí a shainaithnítear amach;
    - measúnú a dhéanamh ar chumas na hOifige chun na rioscaí a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú;
- monatóireacht agus réiteach seachtainiúil a dhéanamh ar shuimeanna a phróiseáiltear i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta;
- sraith beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibríochtúla agus airgeadais;
- áirítear obair Iniúchóireachta Inmheánaí agus athbhreithnithe bainistíochta leis na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Rialuithe agus Srianta COVID-19

Mar thoradh ar shrianta taistil a chuir an Rialtas i bhfeidhm chun dul i ngleic le COVID-19 ó Mhárta 2020 ar aghaidh, ba ghá modh oibre Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a oiriúnú. D'eascair athrú as seo ó chóras taifid pháipéir a bhí bunaithe go hiomlán in oifig go dtí córas taifead go hiomlán cianda bogchóipe d'oibriú.

Chuaigh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta i ngleic leis an timpeallacht rialaithe lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach do na socruithe oibre oiriúnaithe.Déantar seo anuas ar an ngnáthmhonatóireacht agus ar an ngnáthathbhreithniú a dhéantar ar rialuithe.

Baineadh seo amach trí bhainistíocht ghníomhach ar an timpeallacht rialaithe, an méid seo a leanas ina measc:

- Bainistíocht oibríochtúil — rinne an Rialálaí breithniú agus nuashonrú gníomhach ar na rialuithe ábhartha go gníomhach ar bhealach tráthúil i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta, faoi mar ba ghá;
- Saincheisteanna oibríochtúla — rinne an Rialálaí monatóireacht ar rialuithe lena chinntiú go bhfuil údaruithe cuí i bhfeidhm, go dtiteann an réiteach agus an deimhniú cuí amach ar bhealach tráthúil, agus go leantar leis dualgais a leithdheighilt go cuí;
- An Coiste Airgeadais — rinne an Coiste Airgeadais monatóireacht ar oibriú rialuithe agus tagairt ar leith do na socruithe oibre nua cianda;
- An Coiste Riosca - rinne an Coiste Riosca breithniú ar leith agus, sa chás gur ghá, nuashonrú ar an gclár rioscaí lena chinntiú go dtéitear i ngleic ann le rioscaí a bhaineann le socruithe oibre cianda;
- Iniúchóireacht Inmheánach — Rinne Iniúchóireacht Inmheánach measúnú sonrach ar éifeachtacht na rialuithe sa timpeallacht oibre cianda;
- Córais TF — rinne an Rialálaí monatóireacht ar éifeachtacht na rialuithe, i gcomhar le speisialtóirí seachfhoinsithe TF, go háirithe i dtaobh rochtana agus slándála;
- Cumarsáid Inmheánach — chinntigh an Rialálaí, trí chruinnithe rialta sceidealaithe cianda leis an bhfoireann go léir, go bhfuil feasacht agus díriú ar timpeallacht rialaithe láidir a chothú;
- Rialuithe fisiciúla — thug an Rialálaí rialuithe cuí fisiciúla isteach le leanúnachas a chinntiu agus feidhmeanna na hOifige á soláthar agus timpeallacht shábháilte oibre don fhoireann go léir á soláthar;
- Aschur a sholáthar — rinne an Rialálaí monatóireacht ar aschur a sholáthar ar fud na hOifige lena chinntiú go bhfuil feidhmeanna an Rialálaí á mbaint amach;
- Calaois — rinne an Rialálaí breithniú sonrach ar riosca calaoise agus chinntigh sé go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm chun na rioscaí siúd a mhaolú; agus
- Maoirseacht leanúnach — leanann an Rialálaí le monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar athruithe féideartha ar shocruithe oibre agus ar na tionchair a d'fhéadfadh aon chinn de na hathruithe siú a imirt ar na rialuithe riachtanacha.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur tugadh faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain 2020 agus gur tugadh chun críche é faoin 3 Márta 2021.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

## Rialachas

Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 agus leanann sé le halt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 a chomhlíonadh. Is éard atá sa Chiste cuntas bainc aonair atá á choimeád ag Banc Ceannais na hÉireann. Níl aon fhostaithe ná stiúrthóirí ag an gCiste.

## Freagrachtaí an Rialálaí

Leagtar amach freagrachtaí Rialálaí maidir leis an gCiste san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Faoi Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, bainistíonn agus rialaíonn an Rialálaí an Ciste. Anuas air sin, tá ar an Rialálaí cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain lena n-iniúchadh agus cóip de shliocht de na cuntais a rinneadh a iniúchadh, chomh maith le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais sin, a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | | 2020 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suimeanna a fuarthas ón oibreoir | 4 | | 576,302 | | 557,827 |
| **lúide:** | | | | | |
| Íoctha leis an oibreoir i dtaca le: | 5 | | | | |
| Duaiseanna | | 238,602 | | 210,206 | |
| Teidlíocht an Oibreora | | 88,729 | 327,331 | 82,831 | 293,037 |
| | | | 248,971 | | 264,790 |
| **lúide:** | | | | | |
| Íoctha leis an Rialálaí maidir le Tobhach an Rialálaí | 9 | | 1,542 | | 1,504 |
| | | | 247,429 | | 263,286 |
| Ús Infheistíochta Faighte/(Íoctha) | 6 | | (233) | | (217) |
| | | | 247,196 | | 263,069 |
| Aistrithe chuig an Lár-Chiste | 7 | | (254,223) | | (250,663) |
| Duaiseanna stairiúla éagtha a aistríodh chuig an Lár-Chiste | 8 | | (16,092) | | 0 |
| Méadú/(Laghdú) ar Infheistíocht a aistríodh chuig/(ón) gCúlchiste | | | **(23,119)** | | **12,406** |

## Cuntas an Chúlchiste

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid ar éarlais an 1 Eanáir | | 43,822 | 31,416 |
| Méadú/(Laghdú) ar Infheistíocht | | (23,119) | 12,406 |
| Iarmhéid ar éarlais an 31 Nollaig | 6 | 20,703 | 43,822 |
| **lúide:** | | | |
| An t-iarmhéid a coimeádadh maidir le duaiseanna stairiúla éagtha | 8 | 0 | (16,092) |
| Dliteanas do Thobhach an Rialálaí | 9 | (79) | (99) |
| Dliteanas do Dhuaiseanna agus Teidlíocht an Oibreora | 10 | 0 | (7,139) |
| Dliteanas don Chuntas Chiste na nDuaiseanna | 11 | (5,719) | 0 |
| An t-iarmhéid atá ar fáil lena dháileadh tríd an Lár-Chiste | 7 | **14,905** | **20,492** |

Tá Nótaí 1-13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Dáta: 30/08/2021

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

## 1 | An Crannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta, a bunaíodh i 1986, i gcomhréir leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 ("an tAcht").Thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI"), cuideachta chláraithe Éireannach, an 30 Samhain 2014 mar oibreoir faoi cheadúnas ("an Ceadúnas") ar feadh 20 bliain, a dheonaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 27 Feabhra 2014.

## 2 | Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Leanann Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ("an Ciste"), a bunaíodh faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 a bheith ann de bhua Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Faoi Alt 7 den Acht, cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus i gcomhréir le hAlt 44 den Acht, bainistíonn agus rialaíonn an Rialálaí an Ciste.

Faigheann an Ciste fáltais ón gCrannchur Náisiúnta ón oibreoir agus íocann sé suimeanna maidir le duaiseanna, tobhach bliantúil an Rialálaí the teidlíochtaí na n-oibreoirí faoin gCeadúnas.Aistríonn an Rialálaí cistí, ag eatraimh a dheimhníonn an tAire, chuig an Státchiste (i ndiaidh go ndearnadh soláthar cuí do dhliteanais theagmhasacha ionchasacha) lena gcur i bhfeidhm do na cuspóirí a leagtar amach san Acht.Ríomhtar na suimeanna atá le híoc le Cúiseanna Maithe faoi mar a leagtar amach san Acht agus sa Cheadúnas amhail bheith 655 den ollioncam cluichíochta.

I gcomhréir le clásal 6.2 den Cheadúnas, oibríonn an Rialálaí cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta i mBanc Ceannais na hÉireann.

## 3 | Cuntais an Chiste

Sonraítear sna cuntais a íoctar isteach sa Chiste agus a íocann an Ciste isteach i rith na bliana faoi athbhreithniú anuas ar anailís ar an iarmhéid a choimeádtar i rith na bliana.Faoi Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, tá ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Chiste, agus tá cóip de shliocht de na cuntais a rinneadh a iniúchadh, chomh maith le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais sin, le cur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ag an Rialálaí.

## 4 | Suimeanna a fuarhtas ón oibreoir

Faoi mar a cheanglaítear san Acht, is éard atá i gceist le suimeanna a fuarthas ón oibreoir fáltais ó dhíolacháin ticéad lúide luach saothair miondíoltóirí agus duaiseanna a d'íoc miondíoltóirí. B'ionann suimeanna a fuarthas ón oibreoir agus €576 milliún in 2020 (2019: €558 milliún).

Ba iad na díolacháin iomlána, ar bhonn fabhruithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, a aithnítear i ráitis airgeadais an oibreora, €918.9 milliún (2019: €884.5 milliún).

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

Anuas ar na cuir chuige chuntasaíochta éagsúla ar glacadh leo sa Chiste agus ag an Oibreoir (i.e. ar bhonn fáltais airgid thirim i gcomparáid le bonn fabhruithe), tá coimisiún miondíoltóirí agus duaiseanna a d'íoc miondíoltóirí asbhainte as na suimeanna a fuarthas sa Chiste agus luaitear Díolacháin a thugann an tOibreoir le fios sula ndéantar na hasbhaintí seo.

## 5 | Suimeanna a íocadh leis an oibreoir

Ba iad na suimeanna a íocadh leis an oibreoir €327 milliún in 2020 (2019: €293 milliún), arbh ionann sin agus €238 milliún maidir le híocaíochtaí duaiseanna (2019: €210 milliún) agus €89 milliún maidir le teidlíocht an oibreora (2019: €83 milliún).

## 6 | Infheistíochtaí an Chiste

Coimeádtar gach airgead den Chiste i gcuntas taisce atá á choimeád ag Banc Ceannais na hÉireann. Gearradh ús diúltach ar an gcuntas seo ó Mheitheamh 2014. Tagann seo chun solais ó chinneadh a rinne an BCE (CE/2014/23) a bhaineann le luach saothair éarlaisí agus cúlchistí iomarcacha a bheith á sealbhú, a dhéanann difear do luach saothair éarlaisí rialtais ag Bainc Cheannais Náisiúnta. Ríomhtar ús ar bhonn laethúil, agus íoctar faoi dhó sa bhliain é. Aithnítear ús nuair a íoctar é nó nuair a fhaightear é. B'ionann an t-ús measta maidir le 2020 nár íoc an Ciste ag deireadh na bliana agus €45,453.

## 7 | Aistrithe chuig an Lár-Chiste

Leithdháiltear cistí ar Chúiseanna Maithe de bhun Chlásal 6.6 an cheadúnais agus is ionann iad agus 65% den Ollioncam Cluichíochta (OIC) a ríomhtar ar bhonn bliantúil, i gcomhréir le Sceideal 2 leis an gceadúnas. Glandíolacháin iomlána é OIC lúide duaiseanna, faoi mar a shainítear i gClásal 1.1.24 an cheadúnais. I ndiaidh soláthar do dhliteanais reatha an Chiste agus aon dliteanais ionchasacha nó theagmhasacha, socraíonn an Rialálaí go n-aistrítear cistí a leithdháileadh ar Chúiseanna Maithe ag eatraimh a dheimhníonn an tAire, ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an Lár-Chiste.Caitheann an tOireachtas vóta ar airgead an Lár-Chiste a leithdháileadh tríd an bpróiseas bliantúil Meastachán agus eisítear airgead i rith na bliana agus déantar iad a chur i gcuntas trí na Cuntais Leithreasa.

## 8 | An t-iarmhéid a coimeádadh maidir le duaiseanna stairiúla éagtha

Aistríodh suim €16.092 an 17 Aibreán 2020 ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an Lár-Chiste maidir le Duaiseanna Éagtha Stairiúla nár éilíodh a tháinig chun solais faoin gceadúnas deireanach a bhí á oibriú ag Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post.Bhí an tsuim seo á forchoimeád roimhe seo sa Chiste ar feitheamh cinntiúcháin ag an Rialálaí agus comhaontú le PLI, oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta, go bhféadfaí an t-aistriú seo a dhéanamh. D'eascair laghdú as seo ar an srian seo ar chistí an 31 Nollaig 2020 anuas go náid.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

## 9 | Dliteanas do Thobhach an Rialálaí

I gcomhréir leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, déantar soláthar sa Cheadúnas go n-íocann PLI tobhach bliantúil leis an Rialálaí chun íoc as costais a thabhaíonn an Rialálaí i gceart. Asbhaintear na suimeanna siúd ó íocaíochtaí a dhéantar le PLI agus coimeádtar sa Chiste iad lena n-íoc leis an Rialálaí.Ba é an tsuim a bhí le híoc leis an Rialálaí an 31 Nollaig 2020 €79,006.

## 10 | Dliteanas do Dhuaiseanna agus Teidlíocht an Oibreora

Níl aon suimeanna le híoc leis an oibreoir an 31 Nollaig 2020 maidir le dliteanas as duaiseanna agus teidlíocht an oibreora a eascraíonn as suimeanna a fuarthas ón oibreoir in 2020 (aithníodh suim €7.139 milliún an 31 Nollaig 2019 mar dhliteanas i gCuntas an Chúlchiste ag deireadh na bliana: €5,333 maidir le duaiseanna agus €1.086 maidir le teidlíocht an oibreora). D'eascair laghdú as seo ar an srian seo ar chistí an 31 Nollaig 2020 anuas go náid.

## 11 | Dliteanas do Chuntas Chiste na nDuaiseanna

Déantar íocaíochtaí ón gCiste leis an Rialálaí maidir le duaiseanna gach seachtain, bunaithe ar dhuaiseanna ionchasacha a buadh faoi mar a thugann an ceadúnaí le fios. I ndiaidh athbhreithniú mionsonraithe, agus ar chomhaontú an cheadúnaí, dheimhnigh an Rialálaí go mbaineann an dliteanas as an gCiste i dtaobh Chuntas Chiste na nDuaiseanna leis na duaiseanna féin a bhuaitear.Chomhaontaigh an Rialálaí agus ceadúnaí leis an gceadúnas a leasú i mBealtaine 2021 chun dul i ngleic leis an modheolaíocht chun an difreálach idir duaiseanna iarbhír agus ionchasacha a réiteach ar bhonn bliantúil bunaithe ar mhéid chomhardaithe.bunaithe ar an gcinntiúchán seo, áiríodh leis an tsuim a chuirtear san áireamh sa bhliain reatha an méid comhardaithe carntha atá leis híoc ag an gCiste le Cuntas Chiste na nDuaiseanna ó thosach an cheadúnais go dtí an 31 Nollaig 2020.

## 12 | Táille Iniúchta

Íocann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an táille iniúchta. Is é an táille iniúchta don bhliain 2020 €6,250.

## 13 | Faomhadh Chuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D'fhaomh an Rialálaí Cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 an 22 Lúnasa 2021.

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

www.rnl.ie